Oifig an Ombudsman

Tuarascáil Bhliantúil 2003

© Rialtas na hÉireann
Oifig an Ombudsman
18 Sráid Líosain Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Teil: 01 639 5600
Facs: 01 639 5674
Ríomh-phost: ombudsman@ombudsman.gov.ie
www.gov.ie/ombudsman/

Le ceannach díreach ó Oifig Dhíolta Foilseacháin Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2 nó trid an bpost ó Foilseacháin Rialtais, An Rannóg Post-Trachta, 4-5 Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.

ISBN (Insert)

ISSN 1393-192X

Praghas: €6.00

PRN: 2062

Office of the Ombudsman
Oifig an Ombudsman

Office of the Ombudsman
Oifig an Ombudsman

CLÁR ÁBHAIR

Brollach		**5**
Caibidil 1	Réamhrá	**6**
Caibidil 2	Ag Cabhrú le Daoine Leochaileacha agus Imeallaithe sa tSochaí	**8**
Caibidil 3	Cásanna Roghnaithe	**18**
Caibidil 4	An Bhliain faoi Athbhreithniú	**28**
Caibidil 5	Staitisticí	**40**
An Fhoireann		**57**
Innéacs		**58**

Brollach

Déanaim leis seo mo chéad Tuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid na Dála agus an tSeanaid de bhun fhorálacha Alt 6(7) den Acht Ombudsman, 1980. Is é seo an 20ú Tuarascáil Bhliantúil atá curtha faoi bhráid an Oireachtais i ndáil le hOifig an Ombudsman ó bunaÌodh i 1984 í.

Emily Ní Raghallaigh
Ombudsman

Aibreán 2004

1

Réamhrá

Thosaigh mé mo chuid oibre mar Ombudsman ar an 1 Meitheamh 2003, i ndiaidh mo cheapacháin ag a Soilse, an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa, tar éis gur ritheadh rúin, a thacaigh le mo cheapachán, ag Dáil Éireann agus Seanad Éireann.

Clúdaíonn an tuarascáil seo mar sin na chéad sé mhí de mo cheapachán agus na sé mhí dheireanacha de mo réamhtheachtaí, Caoimhín Ó Murchú, a d'fhóin mar Ombudsman ó 1994 i leith. Is mian liom onóir a thabhairt do Chaoimhín as an modh inar éirigh leis na spriocanna a leag sé amach dó féin agus don Oifig ina chéad Tuarascáil Bhliantúil a chur i gcrích. Ghlac sé ról fíorthábhachtach i bhfeabhsú na gcaighdeán sa tseirbhís phoiblí ina hiomláine, leag sé amach treoirlínte soiléire chun fáil réidh leis an míriaradh, agus chabhraigh sé le feasacht an rialtais agus comhlachtaí poiblí ar chearta agus riachtanais na ndaoine dá bhfónann siad a mhéadú. Guím gach rath agus séan air dá scor.

Sa bhliain seo 2004, ceiliúrann Oifig an Ombudsman fiche bliain ar an bhfód agus tugtar deis dúinn machnamh a dhéanamh ar a cuid éachtaí agus an bealach dá todhchaí a rianadh. Inár ráiteas straitéise a foilsíodh le déanaí treisítear roinnt spriocanna i ndáil le hoibriú na hOifige, agus i ndáil lenár n-idirghníomhaíocht le gearánaithe agus le comhlachtaí poiblí, rud, nuair a bhainfear amach é, as a n-éireoidh tairbhí móra don dá ghrúpa agus a dhaingneoidh suíomh na hOifige mar fhórsa don athrú dearfach i sochaí na hÉireann.

Ba mhaith liom anois díriú go hachomair ar chuid de na spriocanna sin.

Seirbhís Cháilíochta do Chliaint

Mar Ombudsman, braithim go bhfuil freagracht mhór orm as na daoine sin a bhraitheann go bhfuiltear tar éis déileáil go héagóir leo agus a dhéanann gearán le m'Oifig. Do chuid mhaith daoine, is mise an t-aon seans agus an seans deiridh atá acu chun sásamh a fháil má mheasaim go bhfuil údar leis an ngearán. Tá sé fíorthábhachtach mar sin go bhfuil an tseirbhís a chuireann m'Oifig ar fáil chomh pras, inrochtana, cóir agus daonna agus is féidir. Éilímid ardchaighdeáin ó dhaoine eile agus is ceart dúinn a bheith chomh héilitheach céanna dúinn féin.

Ag Tacú le Comhlachtaí Poiblí agus le hInstitiúidí faoinár Sainchúram

Ó thráth mo cheapacháin tá treisithe agam ar roinnt ócáidí nach bhfuil an tOmbudsman ann chun cur ar mhodh eascairdiúil i gcoinne oibreacha agus chinntí na gcomhlachtaí sin ar ina n-aghaidh a dhéantar gearáin. Feicim mo ról mar ról a sholáthraíonn tacaíocht do na comhlachtaí sin sa tslí chéanna is a sholáthraíonn sé tacaíocht do ghearánaithe, fad a aithnítear an suíomh i bhfad níos laige go minic ina mbíonn an gearánaí i ndíospóid. Spreag mo réamhtheachtaí comhlachtaí poiblí lena sásraí gearán inmheánach féin a fhorbairt agus is réimse é sin is mian liomsa a fhorbairt freisin. Ba mhaith liom níos mó rannpháirtithe faisnéise a fheiceáil i measc údarás áitiúil agus comhlachtaí eile faoi shaincheistanna deacra a thagann chun solais agus faoin gcaoi a bhfuil réitigh éifeachtacha bainte amach. Tá sé de rún ag m'Oifig a bheith réamhghníomhach i spreagadh na mbeart sin agus eile chun caighdeáin níos airde seirbhíse do chustaiméirí agus córas riaracháin phoiblí a chuireann riachtanais an phobail chun tosaigh a thabhairt. Is í an aidhm fhoriomlán atá agam ná fáil réidh leis an dearcadh a chuireann bacainní idir ”sinne” agus ”iadsan”.

Ag Fónamh don tSochaí Shibhialta

Ag cuimhneamh ar ilchineálacht leathan na ngearán a fhaighim, tá radharc pribhléideach anuas ag an Oifig ar an gcóras riaracháin phoiblí agus ar oibriú na reachtaíochta ar an talamh. Féachfaidh m'Oifig lenár mbreathnuithe ar na gnóthaí sin a pháirtiú leis an tsochaí i gcoitinne trínár bplé luachmhar leis an Oireachtas trína choistí agus tráchtfaidh sí, i gcás gur cuí, ar reachtaíocht bheartaithe agus láithreach.

Feasacht a Ardú

Inár sochaí atá ag éirí níos dlíthíche in aghaidh an lae, féadfaidh m'Oifig réitigh ar dhíospóidí a sholáthar gan chostas don ghearánaí agus, trí aghaidh a thabhairt ar easnaimh nós imeachta, torthaí a thabhairt atá níos leithne ná na torthaí sin a bhaintear amach tríd an gcóras dlíthiúil foirmiúil - fiú dá mbeadh an rogha sin ar fáil don ghearánaí. Ó thráth mo cheapacháin tá dulta i bhfeidhm go mór orm ag cuid de na torthaí an-dearfacha atá bainte amach, go fiú i ndálaí a raibh an chuma orthu nach raibh aon dóchas ann dóibh. Is é sprioc na hOifige ná torthaí córa thar aon ní eile a bhaint amach. Tá sé fíorthábhachtach mar sin go bhfuil na daoine dá bhfónaimid ar an eolas faoin Oifig, faoin gcaoi le rochtain a fháil uirthi, agus faoi cad is féidir a bhaint amach go réalaíoch trí úsáid a bhaint as a seirbhísí.

Eagraíocht Barrchleachtais

Is mian liom a fheiceáil go ndéanann m'Oifig forbairt ar na héachtaí atá déanta aici san am atá caite agus, trínár bhfoireann, ár bpróisis ghnó agus ár dtacaí teicneolaíochta a fhorbairt níos mó, go dtiocfaidh sí chun bheith ina heagraíocht barrchleachtais a oibríonn ar na caighdeáin is airde i seachadadh ár seirbhísí.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Tom Morgan as a chúnamh chun í seo, mo chéad Tuarascáil Bhliantúil, a ullmhú. Gabhaim buíochas freisin le foireann uile na hOifige, a bhfuil an tArd-Stiúrthóir Pat Whelan sa cheann orthu, as an gcúnamh agus tacaíocht atá tugtha acu dom ó thráth mo cheapacháin. Tá dulta i bhfeidhm orm go mór ag an tiomantas a thugann siad i leith fónamh do na daoine a lorgaíonn ár gcabhair, agus ag a n-uaillmhian go mbeidh an Oifig níos éifeachtaí agus níos ábhartha fós sna blianta romhainn.

2

Ag Cabhrú le Daoine Leochaileacha agus Imeallaithe sa tSochaí

2 Ag Cabhrú le Daoine Leochaileacha agus Imeallaithe sa tSochaí

Faoi shainchúram m'Oifige clúdaítear rialtas láir agus áitiúil agus an réimse sláinte agus tagann daoine ó gach earnáil den tsochaí chugainn a bhfuil cúis acu le gearán a dhéanamh faoi na seirbhísí arna soláthar ag comhlachtaí poiblí. D'fhéadfadh sé gur íocóirí cánach, tuismitheoirí, mic léinn, feirmeoirí, iascairí, iarratasóirí tithíochta, pinsinéirí seanaoise, daoine faoi mhíchumas, cúramóirí, scothaosaigh, othair ospidéil, daoine dífhostaithe, iarratasóirí agus agóideoirí pleanála, cumainn áitritheoirí, grúpaí pobail nó cuideachtaí iad na gearánaithe. Níl ansin ach líon beag den iliomad riochtaí ina n-idirghníomhaíonn daoine, ó am go ham nó ar bhonn leanúnach, leis na comhlachtaí a thugann seirbhísí poiblí.

Tacaíonn m'Oifig go hiomlán leis an ngearánaí nó cuireann cineál éigin cúnaimh ar fáil dó nó di i 50% de na cásanna go léir a scrúdaítear. Ciallaíonn sé go mbíonn duine as gach beirt ghearánaithe, nach mór, níos fearr as mar thoradh ar ghearán a dhéanamh le m'Oifig. A bhuí leis an mbéim le blianta beaga anuas ar na prionsabail um sheirbhís cháilíochta do chustaiméirí, foilsíonn an chuid is mó comhlachtaí poiblí faisnéis mhion faoina gcuid scéimeanna agus clár. Ní nach ionadh, mar sin, nach mbíonn aon deacracht ag cuid mhaith gearánaithe a labhraíonn leis an Oifig a gcuid casaoidí a chur in iúl nuair a théann rudaí i ndonas.

Ach ní bhíonn tuiscint shoiléir ag na gearánaithe go léir ar a dteidlíochtaí agus tagann cuid mhaith díobh chun na hOifige le dóchas léirithe go doiléir go mb'fhéidir go bhféadfaimis cabhrú leo. Folaíonn an chatagóir sin daoine leochaileacha agus imeallaithe agus go fiú sa téarma gearr atá caite i bpost an Ombudsman agam tá dulta i bhfeidhm orm leis an tionchar nithiúil agus dearfach is féidir a bheith ag m'Oifig sa déileáil le gearáin ón earnáil seo den tsochaí. Folaíonn sé sin daoine atá imeallaithe go sóisialta, go heacnamaíoch nó go fisiceach mar thoradh ar bhochtaineacht, easpa oideachais, easláinte, srl. Tá a fhios agam go bhféachann comhlachtaí poiblí agus seirbhísigh phoiblí le déileáil le daoine ar mhodh cóir agus cothromasach ach ní cothrom i gcónaí a bhíonn an caidreamh idir an phearsa aonair agus comhlacht poiblí. Níl gach duine a bhfuil cúis ghearáin aige/aici in ann a c(h)uid tuairimí a chur i bhfocail go soiléir nó scéimeanna, rialacha agus rialacháin chasta a thuiscint. Scanraítear cuid mhaith daoine leis an tsúil go gcaithfidh siad plé le comhlachtaí poiblí d'fhonn seirbhís shásúil nó rochtain iomlán agus thoilteanach ar shochair agus ar theidlíochtaí a fháil. Tríd is tríd, ní rogha inmharthana do na daoine imeallaithe inár sochaí í an rogha cúiteamh a lorg trí na cúirteanna.

Láidreacht bhreise agus nach bhfuil chomh follasach b'fhéidir atá ag m'Oifig ná taithí ollmhór na foirne chun déileáil le raon leathan scéimeanna agus seirbhísí poiblí agus scileanna na foirne sin á n-úsáid thar ceann na ngearánaithe a líomhnaíonn éagóir ag comhlachtaí poiblí. I gcás gearánaithe nach bhfuil, b'fhéidir, in ann i gcónaí an cás is fearr is féidir a chur i láthair comhlachta phoiblí, déanfaidh m'fhoireann, ar bhealach, gníomhú thar ceann an ghearánaí chun a c(h)ás a chur i láthair agus sa chaoi sin cuirtear ina ceart an éagothromaíocht a bhíonn ann go minic idir an gearánaí agus an comhlacht poiblí. Gan dabht, ní mór dúinn a bheith iomlán oibiachtúil maidir le toradh deiridh an ghearáin. Ní gnó de mo chuid é ionadaíocht a dhéanamh thar ceann gearánaithe ach is gnó de mo chuid é a mheas an bhfuil an comhlacht poiblí tar éis gníomhú go cuí, go cóir, go hoscailte agus go neamhchlaon sa chás áirithe.

Tá teist chruthaithe go dtí seo ag m'Oifig maidir le cúiteamh do ghearánaithe a dhaingniú agus caighdeáin sa seachadadh seirbhísí a fheabhsú. I gcás go n-

aimsím faisnéis ar mhíriaradh agus go bhfuil cineál éigin cúitimh tuillte téann m'Oifig i muinín an áitimh, na critice, na poiblíochta agus an údaráis mhorálta chun a cuid moltaí a chur chun feidhme. Ó thosaigh an Oifig ar a cuid oibre i 1984 tá sártheist uirthi maidir leis sin.

I gcontrárthacht leis na cúirteanna gníomhaíonn m'Oifig ar mhodh cúistiúnach seachas díospóideach, déanaimid ár ngnó ar mhodh neamhfhoirmiúil go príomha agus, gan dabht, tá ár seirbhísí saor in aisce. Is minic a fhéachann m'Oifig thar imthosca na gcásanna aonair chun a fháil amach an féidir ceachtanna a fhoghlaim a thabharfaidh feabhsuithe córasacha chun tairbhe daoine eile. Ar uairibh faightear éagothromais nó neamhrialtachtaí sa dlí ag éirí as cásanna aonair aimsithe ag m'Oifig agus féadaim iad sin a threisiú i mo Thuarascálacha Bliantúla nó i dtuarascálacha speisialta don Oireachtas le moltaí maidir leis an gcaoi le cabhrú leis na daoine sin a n-imrítear tionchar díobhálach orthu. Ar deireadh, mar thoradh air sin féadfar dearbhuithe a fháil nach ndéanfar na hearráidí céanna arís agus féadfar cáilíocht na seirbhíse a sholáthraítear do chliaint chomhlachtaí poiblí a ardú.

Is dócha gurb é an tslí is fearr le cuid de na pointí atá déanta agam anseo a léiriú ná sonraí roinnt cásanna ar dhéileáil m'Oifig leo le linn 2003 a leagan amach sa Chaibidil seo.

Bhain an chéad chás seo i dtosach báire le díospóid le Comhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin faoi chinneadh íoc Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas a dhiúltú mar nach raibh gnóthaí cánach an tógálaí a rinne na hoibreacha in ord. D'fhiosraigh mé an scéal leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil d'fhonn é a réiteach.

Fuair mé gearán in aghaidh Chomhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin thar ceann fir a chuir isteach ar Dheontas do Dhaoine faoi Mhíchumas (DDM). Is deontas speisialta é seo a lamhálann do dhuine teach a chur in oiriúint nó oibreacha a dhéanamh ar theach chun go mbeidh sé níos oiriúnaí ó thaobh cóiríochta do dhuine faoi mhíchumas. Bhí breoiteacht fhoirceanta ar an iarratasóir ach dhiúltaigh an Chomhairle deontas dó mar nach raibh teastas imréitigh cánach táirgthe ag an tógálaí a rinne an obair ar a theach.

Faoi na Rialacháin Tithíochta (Deontais le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas agus Deisiúchán Riachtanach), 2001, ordaítear nach mór teastas imréitigh cánach a bheith ag tógálaí a dhéanann obair faoin scéim. Cinntíonn sé sin nach mbaineann daoine nach gcomhlíonann a n-oibleagáidí cánach tairbhe as an scéim DDM. Tá glactha ag m'Oifig i gcónaí leis an ngá le bearta dá leithéidí, agus measann iad mar bhealach réasúnta cóir agus réasúnach chun tacú le polasaí an Rialtais sa réimse seo.

Bhí breithniú déanta ag an gComhairle ar an ngnó go cúramach ach bhraith sí go raibh ceangal uirthi faoi théarmaí na Rialachán iomchuí a chuireann cosc uirthi deontas a íoc go dtí go soláthraítear teastas imréitigh cánach. Níorbh fhéidir locht a fháil ar an gComhairle as gníomhú i gceart laistigh den dlí mar a sheas sé.

Tar éis breithniú a dhéanamh ar chineál láidir an cháis seo, áfach, agus ar na himthosca mí-ámharacha ina raibh na gearánaithe ag an am, mheas m'Oifig go raibh foras leordhóthanach ann don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chun cumhacht lánroghnach atá aige, faoin Acht Tithíochta, 1966, a thoghairm chun an deontas a thabhairt in imthosca ar leith. Ba léir gur ghníomhaigh na gearánaithe, ag gach tráth, go hionraic ag dul i mbun na hoibre seo. Bhí práinn mhór leis an obair freisin i ngeall ar riocht foircneach an iarratasóra ag an am agus, ar deireadh, ní raibh aon bhealach ag na hiarratasóirí chun stádas cánach an tógálaí a sheiceáil go neamhspleách. I ngníomh, bhí na Rialacháin ag cur pionóis ar fhear a raibh breoiteacht fhoirceanta air agus ar a theaghlach seachas an tógálaí, rud nach raibh mar rún ag na Rialacháin riamh.

I gcás gur ann do chumhachtaí lánroghnacha is ceart iad a úsáid go cóir agus go solúbtha, go háirithe i gcás

gur eascair pionós díréireach nó tionchar díobhálach ón ngníomh a ndearnadh gearán ina leith. Rinne mé an cás sin leis an Roinn agus bhí an-ghlacadh ag an Roinn leis. Go brónach, cailleadh iarratasóir an deontais go gairid tar éis dom a chás a thabhairt chuig an Roinn. Faoin Acht Tithíochta, 1966, bhí gá ag an Roinn le toiliú an Aire Airgeadais sula bhféadfadh sí an deontas a cheadú, agus nuair a lorgaíodh an toiliú sin, rinne an tAire Airgeadais é a dhiúltú i dtosach báire.

Tar éis an gnó a athbhreithniú go hiomlán, d'iarr m'Oifig ar an Roinn Airgeadais féachaint ar an gcás arís ar a thuillteanais aonair. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an ngnó, d'athbhreitnigh an tAire Airgeadais a chinneadh ar fhoras atruach agus rinne cinneadh cead a thabhairt don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil íoc DDM a cheadú sa chás seo.

Bhí mé sásta a fheiceáil go raibh an dá Roinn toilteanach úsáid a bhaint as an rogha atá acu ionas nach mbeadh ar theaghlach a bhí ag déileáil le caillteanas mothúchánach mór déileáil le caillteanas airgeadais nuair a ghníomhaigh siad, ag gach tráth, go hionraic. Ba mhór agam freisin a thabhairt d'aire gur áiríodh san Acht Airgeadais, 2002, foráil a lamhálfadh do dhuine teastas imréitigh cánach a sheiceáil leis na Coimsinéirí Ioncaim (le toiliú an duine lena mbaineann sé) agus, cé go bhfuil roinnt saincheisteanna riaracháin ann i gcónaí maidir le cur chun feidhme na n-athruithe, nach ceart go dtiocfadh an fhadhb a bhí ann sa chás chun solais arís sa todhchaí.

Tháinig an chéad ghearán eile chun solais mar gur thug Comhairle Baile Bhéal Átha na Sluaighe tiomantas i leith Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas a íoc ach gur thug sí le fios ina dhiaidh sin nach raibh na hacmhainní aici an tiomantas a chomhlíonadh. I ndiaidh idirghabháil ghníomhach m'Oifige thángthas ar réiteach agus íocadh an deontas.

Cheadaigh Comhairle Contae na Gaillimhe Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas le haghaidh lánúine scothaosta, a raibh cónaí orthu i dteach Comhairle dhá stór trí sheomra leapa. Ar na hoibreacha áiríodh an soláthar seomra leapa agus cithfholcadán thíos staighre ar chostas measta de €40,000. Mar go raibh cónaí ar an lánúin i limistéar riaracháin Chomhairle Baile Bhéal Átha na Sluaighe, áfach, ba ghá an t-iarratas ar dheontas a chur tríd an gComhairle sin. I mí an Mheithimh 2002, scríobh an Chomhairle Baile chuig ionadaithe poiblí áitiúla na ngearánaithe agus dhearbhaigh go raibh sí i mbun pleananna a ullmhú le haghaidh na n-oibreacha ceadaithe. Ar an 14 Deireadh Fómhair 2002, áfach, d'inis an Chomhairle Baile don lánúin nach raibh sí in ann na hoibreacha beartaithe a ghlacadh uirthi féin. Le linn don Chomhairle é sin a dhéanamh, d'iarr sí orthu ar mhian leo aistriú chuig bungaló folamh. Mar fhreagairt, dhiúltaigh an lánúin an tairiscint aistrithe. Chuir an Chomhairle an lánúin ar an eolas ina dhiaidh sin go raibh sí sásta, in áit dul ar aghaidh leis na saoráidí thíos staighre, ardaitheoir staighre a shuiteáil ina dteach.

Mhínigh an Chomhairle Baile do m'Oifig, sa mhéid go raibh na gearánaithe ina gcónaí i dteach Comhairle, go mbeadh uirthi costas iomlán na hoibre beartaithe a mhaoiniú. Bhí an Chomhairle Baile buartha nach raibh sa deontas uasta iníoctha léi ag Comhairle Contae na Gaillimhe ach €13,543.03 agus go mbeadh ar an gComhairle Baile an chuid eile den obair (isteach is amach le €26,500) a mhaoiniú óna cuid acmhainní féin. Dá réir sin, chuir an Chomhairle Baile in iúl do na gearánaithe, de bharr costas, nach raibh sí in ann an forleathnú beartaithe a mhaoiniú agus ofráladh tionóntacht bungaló eile do na gearánaithe arís.

Is é an príomhábhar imní a bhí agam le láimhsiú an cháis ag an gComhairle ná gur chuir sí in iúl don lánúin i mí an Mheithimh 2002, bealach a n-ionadaithe poiblí, go raibh sí i mbun pleananna a ullmhú le haghaidh an fhorleathnaithe ar a dteach. Tar éis an cinneadh sin a fhreaschur ansin tháinig ceist ionchas dlisteanach na lánúine i dtreis. Féadfaidh ionchas dlisteanach, nó réasúnach, éirí as gealltanas sainráite arna thabhairt ag comhlacht poiblí nó as cleachtas rialta atá ann ar féidir le cliant comhlachta phoiblí a bheith ag súil go réasúnach go leanfar de. Is é iarmhairt theagasc an

ionchais dhlisteanaigh ná an cliant a chosaint ar athrú dírialta i seasamh comhlachta phoiblí.

I ndáil le tairiscint an aistrithe tí ag an gComhairle, níor mheas mé go raibh sé réasúnach go mbeadh an Chomhairle ag súil go n-aistreodh an lánúin scothaosta chuig teach eile, cé gur bungaló é, ag an gcéim seo dá saol. Chuir mé san áireamh freisin go raibh cónaí orthu sa ina dteach Comhairle reatha le breis is 22 bhliain. Bhí stair mhaith íoca cíosa acu agus, mar a tharlaíonn, bhí roinnt feabhsuithe déanta acu ar a dteach, ar chostas dóibh féin, thar na blianta. Thuig mé freisin, le linn an 22 bhliain sin ina dteach, go raibh líonra tacaíochta sóisialta forbartha sa cheantar acu.

I ndáil le tairiscint na Comhairle chun ardaitheoir staighre a chur ar fáil, scrúdaigh m'Oifig comhad na Comhairle agus bhí an chuma air nach raibh fonn ar na gearánaithe glacadh leis an tairiscint sin ar an mbonn gur éiligh an t-iarratasóir go raibh meadhrán inti. Cé gur dhealraigh sé, de réir cosúlachta agus ó dhearcadh eacnamaíoch, go raibh tairiscint na Comhairle réasúnach, thug m'Oifig dá haire nach raibh tacaithe le moladh an ardaitheora ag aon tuairim de chuid saineolaí leighis á dhearbhú go bhféadfadh réiteach dá leithéid a bheith oiriúnach d'imthosca áirithe an iarratasóra. Mar a tharlaíonn, ní raibh aon fhianaise sa chomhad a thabharfadh le fios gur lorg an Chomhairle tuairim saineolaí leighis. Dá réir sin, bhraith m'Oifig, má chonacthas don Chomhairle gur réiteach é ardaitheoir staighre a sholáthar, gur ceart go mbeifí tar éis tacaíocht, agus ceadú, a fháil ón bPríomh-Oifigeach Míochaine don mholadh sin.

D'inis an Chomhairle do m'Oifig gur dhiúltaigh sí na hoibreacha a ceadaíodh i dtosach a dhéanamh ar an mbonn nach raibh na hacmhainní aici chun an ganntanas a íoc i.e. €26,500. Glacaim leis gur mhéid mór airgid é sin. Ar na cúiseanna go léir leagtha amach thuas, áfach, níor ghlac mé le moltaí ionadúla na Comhairle. Dá réir sin, tharraing m'Oifig aird na Comhairle ar an bhféidearthacht maidir leis an tionscadal seo a chur isteach ar mhaoiniú faoina Clár Tógála Caipitil Tithíochta. Faoin gClár seo d'fhéadfadh sé go gcáileodh na hoibreacha beartaithe le haghaidh cúnamh deontais Stáit 100%. Ina theannta sin, lamhálann an Clár seo d'fhorleathnuithe, chun róphlódú a mhaolú, ar thithe faoi úinéireacht Comhairlí suas go luach €70,000.

Tar éis an cás a athbhreithniú, thoiligh an Chomhairle dul ar aghaidh le pleananna a ullmhú chun seomra leapa agus seomra folctha thíos staighre a sholáthar don lánúin.

Sa chás seo a leanas freisin bhí díospóid faoi íoc Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas. Ní raibh mé sásta le scéim róshriantach a bhí déanta amach ag Comhairle Baile Thiobraid Árann nár léirigh go hiomlán an réasúnaíocht laistiar den scéim reachtúil. Ghlac an Chomhairle le mo chuid argóintí agus d'íoc an deontas.

Dhiúltaigh Comhairle Baile Thiobraid Árann Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas (DDM) a íoc chun téamh lárnach a shuiteáil. B'shin toisc gur eisiadh go sainiúil faoi Scéim na Comhairle íoc deontais i leith téimh lárnaigh seachas má bhí an t-iarratasóir iomlán díluailithe. Bhí an gearánaí ina tionónta de chuid Chomhairle Baile Thiobraid Árann agus bhí Fiobróis Scamhógach uirthi. Mar chuid dá hiarratas ar dheontas sholáthair sí fianaise míochaine don Chomhairle a thug le fios go raibh an múch óna tinteán ag cur isteach ar a riocht.

Faoi Alt 4 de na Rialacháin Tithíochta (Deontais le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas agus Deisiúchán Riachtanach), 2001, foráiltear:

”[gur] féidir le húdarás tithíochta deontas a íoc le duine chun cóiríocht bhreise a sholáthar nó chun oibreacha oiriúnaithe a chur i gcrích atá, i dtuairim an údaráis, riachtanach go réasúnach chun críche an teach a bheith níos oiriúnaí le haghaidh chóiríocht duine de theaghlach atá cibé acu.

(a) faoi mhíchumas fisiceach agus go bhfuil na hoibreacha riachtanach dá c(h)óiríocht chuí, nó ...”.

Bhí Scéim DDM na Comhairle bunaithe go príomha ar na Rialacháin thuas. Níor lamháil Scéim na Comhairle, áfach, ach d'íoc deontais le haghaidh téimh lárnaigh i gcás go raibh an t-iarratasóir iomlán díluailithe.

Le húsáid an fhrása ”riachtanach go réasúnach” sna Rialacháin aithnítear go bhfuil an bhéim ar oibreacha atá riachtanach, nó ar féidir a thaispeáint go réasúnach go bhfuil siad riachtanach, chun cáilíocht saoil an duine faoi mhíchumas a fheabhsú.

Thug m'Oifig dá haire gur luadh i gciorclán na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a ghabh leis na Rialacháin go bhféadfadh údaráis áitiúla cabhrú sa soláthar téimh faoin scéim deontais. Sa chiorclán rinneadh socrú, i gcás iarratais ar DDM, i leith an tsoláthair córais téimh lárnaigh amháin, gur ceart don údarás déanamh de réir a chomhairle féin agus cineál an mhíchumais á chur san áireamh. Aithnítear nach ceart go n-íocfaí deontas i leith oibreacha dá leithéidí ach in imthosca eisceachtúla.

Tar éis scrúdú a dhéanamh ar chúlra an cháis seo, bhí an luí agam leis an tuairim go raibh an Chomhairle ag cur bacainne ar an rogha a bhí aici, tríd an íoc deontais i leith téimh lárnaigh a eisiamh, mura raibh an t-iarratasóir iomlán díluailithe. Mheas mé gurb é an cuspóir atá leis an deontas ná oibreacha a dhéanamh chun go mbeidh teach níos oiriúnaí le haghaidh cóiríochta duine faoi mhíchumas. Sa chás áirithe seo, bhí mé réasúnta sásta gur cháiligh Fiobróis Scamhógach mar mhíchumas agus go raibh sé de cheart iarratas an ghearánaí ar dheontas a phróiseáil mar sin. Ghlac mé an tuairim sa mhéid nach raibh sí iomlán díluailithe nach ceart an gearánaí a eisiamh ó bheith measta ó thaobh leighis de chun críocha incháilitheachta le haghaidh deontais.

Bhraith mé gur ceart, le linn an t-iarratas ar dheontas a phróiseáil, go bhféachfadh an Chomhairle do thuarascáil ón bPríomh-Oifigeach Míochaine nó ó Theiripeoir Saothair. Dá réir sin, d'iarr mé ar an gComhairle athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi ar láimhsigh sí an t-iarratas ar dheontas. Mar fhreagairt, shocraigh an Chomhairle go ndéanfadh Teiripeoir Saothair an t-iarratas ar dheontas a mheas agus ina dhiaidh sin cheadaigh deontas, sa tsuim €3,980, chun an téamh lárnach riachtanach a sholáthar i dteach an ghearánaí.

Cuireann an gearán seo in aghaidh Bhord Sláinte Limistéar an Iardheiscirt i ndáil le teidlíocht seanmháthar chun Liúntais Cúraim Altramais béim ar dheacracht a bhíonn, tuigtear dom, ag cuid mhaith daoine i riocht comhchosúil. Tá súil agam trí aird a dhíriú ar an ngnó go bhféadfadh an tOireachtas breithniú a dhéanamh ar athruithe sa reachtaíocht.

Ghearán bean liom faoi dhiúltú a hiarratais ar Liúntas Cúraim Altramais (LCA) ag Bord Sláinte Limistéar an Iardheiscirt (BSLID) maidir lena beirt gharleanaí. Bhí beirt leanaí óga ag a hiníon, andúileach ainsealach drugaí, agus chónaigh siad go léir le chéile ar feadh tréimhse i dteach na seanmháthar. D'aistrigh a hiníon agus an bheirt leanaí chuig teach in aice láimhe, ach nuair ba léir nach raibh sí in ann déileáil le cúram na leanaí, ghlac an tseanmháthair na leanaí faoina cúram.

Chuir an bhean isteach ar, agus fuair sí, Liúntas Dílleachta (€97 sa tseachtain in aghaidh an linbh faoi láthair) ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh. Is féidir an liúntas seo a íoc in imthosca ina bhfuil teipthe ar thuismitheoirí linbh soláthar don leanbh. Faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991, tá foráil ann lenar féidir duine gaolta teacht chun bheith ina t(h)uismitheoir altramais agus, má thagann, féadfaidh sé nó sí a bheith i dteideal LCA (€289.50 sa tseachtain in aghaidh an linbh faoi bhun 12 bhliain d'aois agus €316.15 sa tseachtain in aghaidh an linbh os cionn 12 bhliain d'aois faoi láthair).

Chuir sí isteach ar LCA ansin ach diúltaíodh a hiarratas ar an mbonn nach bhfuil an liúntas iníoctha ach i gcásanna ina bhfuil an leanbh tar éis a bheith faoi chúram boird sláinte roimh altramas, ar bhonn saorálach nó bealach ordaithe cúirte. Sa chás seo mhaígh an bhean mura mbeadh gur ghlac sí na leanaí mar chúram uirthi féin go mbeidís glactha faoi chúram

agus, mar thoradh, go bhféadfadh sí cur isteach ar altramas na leanaí, agus dá ndeonófaí a hiarratas, go gcáileodh sí le haghaidh LCA. Mhaígh sí freisin go raibh seirbhísí sóisialta BSLID ar an eolas, feadh an ama, faoi andúil drugaí a hiníne agus go raibh a hábhair imní léirithe aici, mar sheanmháthair na leanaí, i dtaobh leas na leanaí ina cuid déileálacha leis an mBord. Maidir leis sin chreid sí gur theip ar an mBord ina dhualgas é a aithint nach raibh na leanaí ag fáil cúram agus aire leordhóthanach mar a éilítear faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991.

Leis an ngearán seo ardaíodh saincheisteanna an-chasta ag díriú ar fheidhmiú breithiúnais ghairmiúil ag foireann oibre sóisialta an Bhoird. Faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991, sonraítear an modh ina nglactar leanaí faoi chúram na mbord sláinte, ar bhonn saorálach le comhoibriú na dtuismitheoirí nó iad sin atá ag gníomhú *in loco parentis*, nó bealach Ordaithe Cúraim Éigeandála arna thabhairt ag na cúirteanna. Is é an príomchuspóir ná leas leanaí a shlánchosaint agus tá an toimhde ann go bhfóntar do bharrleas an linbh trína t(h)ógáil laistigh dá t(h)eaghlach féin. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le leanbh a thabhairt faoina chúram caithfidh sé a bheith follasach don Bhord nach féidir cúram agus cosaint an linbh a bhaint amach ar shlí eile, agus gurb í an dídean deiridh í.

Thug mé faoin scrúdú ar an ngearán bealach breithnithe ar an gcaidreamh idir an iníon agus a cuid leanaí leis na hoibrithe sóisialta, d'fhonn a dhéanamh amach má bhí fianaise, *prima facie*, ar mhíriaradh ar thaobh an Bhoird ann sa mhéid nár glacadh na leanaí faoi chúram faoi fhorálacha an Achta um Chúram Leanaí, 1991. Le linn mo scrúdaithe ba léir, ó bhreith na leanaí, gurbh é tuairim ghairmiúil fhoireann na seirbhísí sóisialta sa BSLID nach raibh aon chúiseanna imní acu faoina gcúram agus faoina gcosaint. Sa chás seo ba é tuairim shaineolach agus ghairmiúil an Bhoird nach raibh aon chúiseanna imní cosanta linbh aitheanta mar go raibh cúram leordhóthanach á thabhairt do na leanaí faoi mhaoirseacht na seanmháthar.

Ghlac an Bord leis go raibh cuid mhaith cásanna mar sin ann ina limistéar. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an ngnó ba é an tuairim a bhí agam nach fúm a bhí sé tuairim a mholadh a bhí éagsúil leis na tuairimí gairmiúla a léirigh an Bord i ndáil le cúram na leanaí. Dá bharr sin, ní raibh mé in ann dul ar aghaidh leis an tsaincheist an mbeifí tar éis na leanaí a chur faoi chúram na seanmháthar faoi shocrú altramais. Ní fhéadfainn an tsaincheist sin a fhorbairt ach sa chás go dtiocfainn ar an gconclúid go raibh an Bord neamh-aireach nó faillíoch nuair nár ghlac sé a garleanaí faoi chúram, agus níor sholáthair an fhianaise a bhí ar fáil bonn chun tacú lena leithéid sin.

Bhí an-ionbhá agam leis an mbean i ndáil leis an bhfaopach ina raibh sí, mar sheanmháthair. Feictear dom go raibh, sna himthosca, gach beart féideartha déanta aici chun déileáil le dálaí fíordheacra. Is beag cúnaimh di é sin, gan dabht, i gcúram lánaimseartha leanúnach a garleanaí. Níor mhór aon mhaolú ar na coinníollacha a bhaineann le deonú an LCA a bhreithniú i gcomhthéacs buiséadach, agus is gnó de chuid an Oireachtais é sin. Cé nach bhfuil aon ról díreach agam i mbreithnithe dá leithéidí, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun na dálaí ginearálta ina mbíonn seanaithreacha/seanmháithreacha a threisiú, rud atá sainaitheanta sa chás seo.

Le hidirghabháil m'Oifige le Bord Sláinte an Deiscirt sa chás seo a leanas cinntíodh gur soláthraíodh cóiríocht oiriúnach agus cúnamh míochaine leordhóthanach d'fhear breoite gan dídean.

Rinneadh teagmháil liom thar ceann fir a bhí gan dídean agus a bhí ag lorg cóiríochta. Fágadh an fear gan dídean tar éis idirscaradh óna bhean i 1997 agus bhí tréimhsí ama caite aige ina chodladh ar na sráideanna agus ina chónaí i gcarbhán. Ag tráth an ghearáin bhí cónaí air ina ghluaisteán. Sna hidirbhlianta bhí a shláinte meathlaithe go mór. Bhí sé ag freastal ar thriúr speisialtóirí ospidéil le haghaidh breoiteachtaí éagsúla. Is ceart freisin go mbeadh sé ag fáil ocsaigine ach níorbh fhéidir leis déanamh amhlaidh mar nach raibh aon seoladh aige a bhféadfaí an ocsaigin a sheachadadh chuige.

Bhí iarratas déanta, thar a cheann, le Bord Sláinte an Deiscirt ar chóiríocht éigeandála. Bhí an Bord an-chomhbhách lena chruachás agus tairgeadh cóiríocht brú dó go dtí go bhféadfadh sé cóiríocht chíosa níos oiriúnaí a fháil. Thairg an Bord freisin cúnamh i dtreo éarlaise agus cíosa dá bhféadfaí cóiríocht chíosa oiriúnach a fháil. Bhí cóiríocht an bhrú mí-oiriúnach ar roinnt cúiseanna agus cé gur athluaigh an Bord an tairiscint maidir le cúnamh i dtreo cóiríochta cíosa, i ngeall ar chineál a imthosca ba dheacair teagmháil leis an bhfear a chothabháil. I ndiaidh tuilleadh cumarsáide idir m'Oifig agus an Bord, áfach, thairg an t-údarás áitiúil cóiríocht oiriúnach, rud a chuir an gnó ina cheart agus a bhí ina chúis le feabhsú suntasach ar a shláinte.

Bhí mé míshásta le toradh iarratais ar Liúntas Cúraim Baile i mBord Sláinte Limistéar an Tuaiscirt maidir le leanbh a raibh Siondróm Asperger air. Chomh maith leis an ngearán a réiteach tá béim curtha agam ar an ngá le comhsheasmhacht sa chur chuige don phróiseas cinnteoireachta don liúntas ar fud an chórais bord sláinte.

Is é atá i Liúntas Cúraim Baile (LCB) ná liúntas míosúil atá iníoctha i leith leanaí ó thráth a mbreithe go 16 bliana d'aois atá faoi mhíchumas fisiceach nó meabhrach chomh mór sin go bhfuil gá acu le cúram agus aire leanúnach atá go mór de bhreis ar an gcúram agus aire sin lena bhfuil gá ag leanbh den aois chéanna de ghnáth. Déantar incháilitheacht le haghaidh an liúntais a chinneadh ní ag diagnóis riochta ach ina áit sin trí thagairt do chéim an chúraim agus na haire a leanann mar thoradh. Féadfaidh an fhianaise a chuirtear faoi bhráid na mbord sláinte mar thaca le hiarratas ar LCB teacht ó lia comhairleach an linbh, óna g(h)náthdhochtúir, óna t(h)eiripeoir urlabhra, óna scoil nó gan dabht ó thuismitheoirí an linbh. Déantar iarratais a mheas ag Dochtúirí Oifigiúla Sinsearacha Ceantair (DOSC) ag obair laistigh de na boird sláinte.

Fuair mé gearán in aghaidh Bhord Sláinte Limistéar an Tuaiscirt ó fhear a raibh a mhac diagnóisithe mar dhuine a bhfuil Siondróm Asperger air ag aois dhá bhliain is deich mí dó. Chuir a thuismitheoirí isteach ar LCB agus tugadh dó é ó dháta an iarratais. Dhiúltaigh an Bord, áfach, an liúntas a shiardhátú go dtí dara lá breithe an linbh, rud a ndéantar socrú ina thaobh sna treoirlínte a rialaigh íoc an LCB ag an am. Is é an chúis a tugadh ná nach raibh aon fhianaise neamhspleách ann a thacódh leis an áitiú go raibh gá ag an leanbh le cúram agus le haire go mór de bhreis ar an gcúram agus aire lena bhfuil gá ag leanbh den aois chéanna roimh dháta an iarratais.

Bhí measúnacht mhíochaine déanta ar an leanbh ag aois dhá bhliain agus atreoraíodh chuig Lia Comhairleach i bPéidiatraic Fhorásach é le haghaidh tuilleadh scrúdaithe. Bhí tuarascáil mhionsonraithe curtha faoi bhráid ag an Lia Comhairleach sin mar thaca leis an iarratas ar LCB inar dearbhaíodh gur éirigh an leanbh tostach agus conlaithe ó aois 15 mhí, agus go raibh neamhord suntasach cumarsáide aige, go raibh sé ar bheagán teagmhála súl agus go raibh idirghníomhaíocht theoranta aige. Dúirt sí gur dhealraigh sé go raibh an leanbh ar an speictream uathach agus rinne na socruithe chun go gcuirfí faoi roinnt tástálacha é. Leis na tástálacha sin deimhníodh go raibh Siondróm Asperger ar an leanbh. Dúirt an Lia Comhairleach go raibh gá, dar léi, ag an leanbh le cúram agus le haire de bhreis ar a phiaraí agus go mbeadh gá ag a theaghlach le roinnt mhaith cúnaimh agus tacaíochta.

Mhínigh an gearánaí dom cé gur diagnóiseadh go foirmiúil go raibh Siondróm Asperger ar a mhac ag aois dhá bhliain agus deich mí, nár athraigh sé sin an leibhéal cúraim agus aire breise a raibh gá ag a mhac leis agus a bhí á fháil aige feadh a naíonachta. D'iarr mé ar an Stiúrthóir Seirbhísí agus Achomharc Custaiméara an cás a athbhreithniú i gcomhar leis an DOSC agus an fhaisnéis go léir a bhí le fáil sna tuarascálacha míochaine a chur san áireamh. Lean an DOSC den tuairim nach raibh aon fhianaise oibiachtúil ann a lamhálfadh don Bhord Liúntas a thabhairt ón dara lá breithe ag an leanbh.

Threisigh an cás seo saincheist ar leith i ndáil le comhsheasmhacht sa chinnteoireacht maidir le LCB.

Déanann foireann riaracháin an cinneadh liúntas a dheonú nó a dhiúltú, de bhun molta ag DOSC. Is é mo thaithí é go mbraitheann foireann riaracháin go bhfuil iallach orthu glacadh le moladh an DOSC, rud a fhágann gurb é/í an cinnteoir é/í sa chineál seo cáis. Ní mheasann foireann riaracháin go bhfuil siad féin in ann dearcaí codarsnacha na dtuairimí míochaine sna cásanna seo a mheas. Ní fheiceann siad é mar chuid dá ról meastóireacht a dhéanamh ar thuairimí an DOSC agus comhairleora míochaine iarratasóra. D'fhéach siad ar mholadh an DOSC mar ráiteas deifnídeach. I ngníomh, mura ndéanfadh an DOSC earráid fhollasach (e.g. an duine mícheart a ainmniú), níl aon bhonn oibiachtúil ann dóibh chun moladh an DOSC a dhiúltú.

Sa chás áirithe seo, bhí tuairim míochaine ag teacht ón iarratasóir a thacaigh leis an éileamh go gcáileodh an leanbh le haghaidh an liúntais ó aois an dá bhliain. Bhí fiosruithe déanta ag m'fhoireann le boird sláinte eile agus dearbhaíodh go mbeadh, le fírinne, an liúntas deonaithe acu sna himthosca luaite. I ndiaidh athbhreithnithe bhreise ar an ngnó ag Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin an Bhoird, íocadh an liúntas i leith an linbh ó aois an dá bhliain agus íocadh an riaráiste iomchuí.

Tá tús curtha ag an Roinn Sláinte agus Leanaí le hathbhreithniú ar na treoirlínte a rialaíonn deonú an LCB agus tá treisithe agam don ghrúpa athbhreithnithe an gá le comhsheasmhacht sa chinnteoireacht agus leis na cúiseanna leis na cinntí a chur in iúl, go háirithe nuair a bhíonn tuairim míochaine chodarsnach ann, mar shaincheisteanna tábhachta criticiúla ina gcuid breithnithe.

Sé bliana ó shin, mar thoradh ar thuarascáil imscrúdaithe ag an Ombudsman ar sholáthar chóir iompair scoile do leanbh faoi mhíchumas ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta rinneadh roinnt feabhsuithe ar an scéim. Leanadh de ghearáin a fháil i m'Oifig sa réimse seo, áfach, agus threisigh an cás seo a leanas an tábhacht le daoine a chur ar an eolas faoina gceart chun cinntí a achomhairc.

Ghearán tuismitheoirí linbh ag a bhfuil deacrachtaí urlabhra agus foghlama le m'Oifig faoin leibhéal cúnaimh a sholáthraíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta dá gcostais iompair scoile. D'fhreastail an leanbh ar scoil náisiúnta ina raibh clár urlabhra agus teanga. Chuige sin bhí gá le turas iomlán de 42 mhíle gach lá. Níor rogha don leanbh é an córas iompair phoiblí mar nárbh fhéidir leis an leanbh taisteal chun scoile gan mhaoirseacht. Rinne an scoil iarratas ar dheontas iompair leis an Roinn thar a gceann. I ndiaidh moille móire, thug an Roinn deontas de €1,755 chun an scoilbhliain 2000/2001 a chlúdach. Ghearán na tuismitheoirí nárbh fhéidir glacadh leis an méid sin i ngeall ar an gcostas a thabhaigh siad chun a mac a iompar chun scoile. Dúirt siad go raibh deontas de 63c in aghaidh an mhíle ar a laghad lorgtha acu.

Chuir an Roinn in iúl do m'Oifig go raibh íocaíocht €1,755 ceadaithe aici faoin Scéim Deontas Míochaine arb é an ráta é a bhí iníoctha i gcás achair ó bhaile chun scoile idir 15.1 agus 25 mhíle. Is é a bhí san achar sa chás seo ná 21.7 míle. Dúirt an Roinn dá mba mhian leis na tuismitheoirí achomharc a dhéanamh maidir leis an méid, gur ceart go scríobhfaidís chuig Rannóg Iompair Scoile na Roinne agus na cúiseanna leis an achomharc a leagan amach, go háirithe má bhí leibhéal an deontais dá leithéid go mbeadh an soláthar iompair phríobháidigh ina fhoinse cruatain airgeadais don teaghlach.

Dúirt na gearánaithe gur achomhairc siad an gnó cheana féin i litreacha leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta. Scríobh m'Oifig chuig an Roinn á chur sin in iúl agus d'iarr uirthi an gnó a athbhreithniú. Rinne sí amhlaidh agus chinn gur ceart an leibhéal deontais iníoctha sa chás a chinneadh ar bhonn ráta in aghaidh an mhíle in aghaidh an lae freastail. Dúirt sí gurbh é an t-uasmhéid iníoctha ná 63c in aghaidh an mhíle agus thoiligh sí an ráta seo a íoc i leith thaifead freastail an linbh do na scoilbhlianta 2000/01 agus 2001/02. Íocadh an fuílleach (i.e. gan an deontas a rinneadh cheana féin i leith 2000/01 a áireamh) leis na tuismitheoirí, íocaíocht iomlán de €7,973.86.

D'ardaigh an gearánaí saincheist ghinearálta, is é sin an dtugtar fógra leordhóthanach d'iarratasóirí maidir lena gceart chun cinneadh a achomharc i ndáil le deontais iompair nó cén bonn ar a ndéanfaí achomharc a bhreithniú. Thug mé do m'aire nach raibh aon trácht i litir chinnidh na Roinne ar an bhféidearthacht chun an gnó a achomharc. Ainneoin go ndearna na tuismitheoirí sa chás seo an cinneadh a achomharc leis an Roinn, luaigh m'Oifig an tsaincheist ghinearálta leis an Roinn d'fhonn a chinntiú go gcuirtear gach iarratasóir ar an eolas go hiomlán faoina gceart achomhairc.

D'fhreagair an Roinn ag lua go raibh na forais le haghaidh achomhairc leagtha amach ina bileog ar an scéim 'Iompar Scoile do Leanaí le Riachtanais Speisialta'. Faoin scéim déantar socrú

gur féidir achomhairc a dhéanamh i gcás

(a) nach bhfuil an Roinn in ann seirbhís iompair a chur ar fáil de bharr róchostais;

(b) nach gclúdaíonn leibhéal uasta an deontais arna thairiscint costas measta an turais iomchuí;

(c) má tá an Roinn sásta, i ndiaidh imscrúdaithe ar achomharc, nach bhfuil tuismitheoirí/caomhnóirí an linbh in ann an leanbh a iompar, nó go bhfuil dálaí an teaghlaigh den chineál go ngabhfadh cruatan le hiarraidh ar an teaghlach íoc as iompar príobháideach.

I measc fachtóirí cruatain a bhreithnítear, i dteannta le ganntanas airgid, áirítear dálaí teaghlaigh, riachtanais iompair scoile leanaí eile sa teaghlach, infhaighteacht gluaisteáin teaghlaigh ag na hamanna riachtanacha, srl. I gcás go gcinntear gur cásanna cruatain fhírinnigh iad achomhairc, is féidir seirbhísí speisialta a eagrú. Beidh seirbhísí speisialta dá leithéidí faoi réir uasmhéid iníoctha de 63c in aghaidh an mhíle.

D'fhreagair an Roinn do m'ábhair imní trína rá go gcuirfeadh sí socruithe i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear duine a gceadaítear deontas iompair dó/di faoi théarmaí na scéime ar an eolas gur féidir leis/léi ar na cúiseanna leagtha amach sa scéim achomharc a dhéanamh. Fáiltím roimh chinneadh na Roinne a nósanna imeachta a athrú chun lánfheasacht ar an gceart chun, agus na forais le haghaidh, achomharc a chinntiú.

3

Cásanna Roghnaithe

3 Cásanna Roghnaithe

An Státseirbhís

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Faoiseamh Cánach Ioncaim ar Tháillí Teagaisc

Fuair mé gearán ó athair mic léinn a bhí ag freastal ar chúrsa innealtóireachta ríomhaireachta i gcoláiste áirithe. Ghearán an t-athair go raibh faoiseamh cánach ioncaim ar na táillí teagaisc a d'íoc sé ar son a mhic diúltaithe dó faoi dhó, cé gur dheimhnigh an coláiste i gceist gur mheall an cúrsa faoiseamh cánach. Dhiúltaigh na Coimisinéirí Ioncaim a éileamh ar an bhfaoiseamh cánach ar an mbonn nach raibh an cúrsa áirithe ar na cúrsaí a bhí liostaithe mar chúrsaí a mheallann faoiseamh.

Bíonn faoiseamh cánach ar fáil le haghaidh táillí teagaisc a íoctar ar chúrsaí ceadaithe áirithe sa réimse teicneolaíochta eolais agus teangacha iasachta. Bíonn an faoiseamh cánach ar fáil don bhliain 1997/1998 agus do bhlianta ina dhiaidh sin. Sa bhliain 2000/2001 fairsingíodh an faoiseamh chuig leanbh pearsan aonair nó chuig duine a bhfuil an phearsa aonair ina c(h)aomhnóir dlíthiúil air/uirthi. Caithfidh na cúrsaí cáilitheacha critéir áirithe a chomhlíonadh, lena n-áirítear ceadú ón Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus FÁS le toiliú an Aire Airgeadais. Ceadaíonn FÁS an liosta cúrsaí agus soláthraithe cúrsa agus cuireann ar aghaidh chuig na Coimisinéirí Ioncaim go bliantúil é. Ní bhíonn aon ról ag na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis na cúrsaí a cheadú. Sa chás seo ní raibh an cúrsa liostaithe mar chúrsa cáilitheach ar an liosta a sholáthair FÁS do na Coimisinéirí Ioncaim.

Nuair a scrúdaigh m'Oifig an cás shoiléirigh na Coimisinéirí Ioncaim, tar éis dul i dteagmháil le FÁS, gur cúrsa cáilitheach le haghaidh faoisimh cánach an cúrsa agus, le fachnaois, gur fágadh amach as an liosta foirmiúil é a seoladh chuig na Coimisinéirí Ioncaim. Íocadh an faoiseamh iomlán leis an ngearánaí sa chás seo. D'iarr m'Oifig ar na Coimisinéirí Ioncaim freisin socruithe a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfí íocóirí eile cánach lenar bhain an tsaincheist seo chomh maith ar an eolas faoin bhfaoiseamh. Tá an tsaincheist tugtha ar aird fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim agus na gcoláistí iomchuí anois agus tá sí léirithe i bhfoilseacháin ghairmiúla iomchuí.

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Liúntas Cúramóra Diúltaithe

Fuair mé gearán ó bhean faoi chinneadh ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a hiarratas ar Liúntas Cúramóra a dhiúltú.

I mí Eanáir 2002 thosaigh an bhean ar aire a thabhairt do bhean a bhí seachtó bliain d'aois a raibh aimlitheacht agus mearbhall uirthi. Chuir sí isteach ar Liúntas Cúramóra ach dhiúltaigh an Roinn a hiarratas ar an mbonn go raibh sí lánfhostaithe.

Bhí cónaí ar an mbean leis an tseanbhean ar feadh dhá bhliain nach mór, agus is é a bhí sí a mhaíomh gurb é an teach cónaithe seo a baile anois. Sholáthair sí cúram agus aire lánaimseartha don tseanbhean agus bhí cáilíochtaí faighte aici ó bheith ag freastal ar chúrsaí a dhéileálann le cúram na sean. Ba é a tuairim ná, sna himthosca áirithe seo, nach raibh sí i bhfostaíocht lánaimseartha lasmuigh dá baile. Le linn dom an gearán a scrúdú cailleadh an tseanbhean.

Scrúdaigh mé an reachtaíocht iomchuí agus dearbhaíodh gurbh é ceann de na coinníollacha ná nach ceart go mbeadh an cúramóir i mbun fostaíochta/féinfhostaíochta lasmuigh dá baile. Ní luaitear sa reachtaíocht aon ní maidir le haon ghné fostaíochta nó féinfhostaíochta laistigh den bhaile. Chonacthas dom nach raibh breithniú iomlán déanta ag an Roinn ar na pointí bunaidh i dtreis i.e. míniú an

fhocail ”baile”, seasamh na Roinne maidir le Liúntas Cúramóra a thabhairt do dhaoine atá i mbun fostaíochta/féinfhostaíochta sa bhaile, míniú an téarma ”fostaíocht” agus an réasúnaíocht as ar éirigh an chonclúid go raibh an gearánaí fostaithe.

Chuir mé na saincheisteanna seo ar aird na Roinne. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an ngnó thoiligh sí, i bhfianaise imthosca uathúla an cháis, Liúntas Cúramóra a thabhairt don ghearánaí mar bheart eisceachtúil agus gan aon dochar do chásanna breise den chineál seo. Íocadh riaráiste de €5,353 leis an ngearánaí ina dhiaidh sin.

An Roinn Talmhaíochta agus Bia

Aighneas faoi Nósanna Imeachta maidir le hAisíocaíocht

Ghearán rannpháirtí sa Scéim Luathscoir ón bhFeirmeoireacht (SLF) go raibh mar thoradh ar earráid ríomhaireachta sa Roinn Talmhaíochta agus Bia go ndearnadh ró-íocaíocht dá phinsean luathscoir leis agus ní raibh sé sásta faoin tslí inar lorg an Roinn na haisíocaíochtaí.

Faoin SLF déantar socrú go ndéantar íocaíochtaí pinsin luathscoir le rannpháirtithe a laghdú le méid na n-íocaíochtaí pinsin náisiúnta a fhaigheann siad. Sa chás seo, níor chuir an Roinn san áireamh méaduithe faoin gcáinaisnéis a rinneadh i gcás pinsean neamh-ranníocach le linn di na híocaíochtaí SLF a ríomh. Ar fháil amach faoin earráid seo d'eisigh an Roinn litir chaighdeánach a d'úsáid sí i gcásanna ina ndearnadh ró-íocaíochtaí. Faoin tráth sin bhí an gearánaí ró-íoctha do thréimhse dhá mhí dhéag nach mór. Sa litir forchuireadh sceideal aisíoca sé mhí ar an ngearánaí agus ní dheachthas i gcomhairle leis faoin sceideal beartaithe.

Cé go nglacaim leis go ndéantar earráidí agus, tríd is tríd, go bhfuil comhlachtaí poiblí i dteideal ró-íocaíochtaí a fháil ar ais is é mo thuairim i gcás go bhfuil an locht ar chomhlacht poiblí gur ceart dó cur chuige solúbtha a ghlacadh chun ró-íocaíochtaí a fháil ar ais. Is é seo an cás go háirithe nuair nach ann d'fhianaise gur chuir an duine a fhaigheann ró-íocaíocht leis an earráid ar aon slí.

I ndiaidh teagmhála le m'Oifig thoiligh an Roinn go n-athbhreithneodh sí téarmaí na litreach caighdeánaí a eisíonn sí i gcásanna dá leithéidí chun deis a thabhairt don rannpháirtí na téarmaí faoinar féidir na híocaíochtaí a dhéanamh a phlé. Mheas mé gur chéim dhearfach í seo a ghlac an Roinn a rachaidh chun tairbhe daoine eile i gcás comhchosúil amach anseo.

Boird Sláinte

Bord Sláinte an Lár-Réigiúin

Deacrachtaí Cumarsáide i ndáil le Marbh-Bhreith

Fuair mé gearán ó lánúin in aghaidh Bhord Sláinte an Lár-Réigiúin (BSLR) i ndáil leis an gcaoi ar caitheadh leo i ndiaidh mharbh-bhreith a n-iníne. Bhain an gearán, go príomha, leis an easpa cumarsáide leis an lánúin tar éis gur iarr siad faisnéis faoi na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis an marbh-bhreith, agus le deacrachtaí a bhí acu coinní ina dhiaidh sin a fháil leis an gCnáimhseoir Comhairleach friothálach. Ghearán an lánúin freisin go raibh moilleanna ann maidir leis an mBord Sláinte ag láimhsiú an ghearáin i scríbhinn a rinne siad ina dhiaidh sin. Cothaíodh cuid mhaith frustrachais dóibh leis na teagmhais. Á chur san áireamh go raibh deich mí imithe ó cailleadh a n-iníon, theastaigh an fhaisnéis uathu d'fhonn cabhrú leo dul ar aghaidh tríd an bpróiseas casaoide agus breithniú a dhéanamh ar impleachtaí maidir le hábhair thoirchis amach anseo.

Rinne mé teagmháil leis an mBord ag tabhairt achoimre ar shonraí an cháis agus cuireadh in iúl dom nach raibh an Cnáimhseoir Comhairleach, ó dhearcadh míochaine, in ann freagraí cruinne a thabhairt ar na ceisteanna a d'ardaigh an lánúin. Labhair sé leo tar éis go bhfuarthas torthaí an scrúdaithe iarbháis, ach níorbh fhéidir leis cúis fhéideartha nó dhóchúil leis an mbás a thabhairt le

fios. Chuir an Bord in iúl dom go raibh sé beartaithe aige, sna himthosca, Athbhreithniú Teagmhais Chriticiúil a dhéanamh i ndáil leis an gcás ag súil go bhfaighfí amach cén chúis a bhí le bás an bhabaí, agus an raibh impleachtaí ann le haghaidh toircheas amach anseo.

Chabhraigh saineolaí sa réimse, lasmuigh de limistéar an Bhoird, leis an athbhreithniú i gcomhar le Foireann Bhainistíochta Priacail an Bhoird, Comhairligh, Dochtúirí, Altraí, Bainisteoirí agus Riarthóirí, agus áiríodh ar an athbhreithniú imscrúdú míochaine mion ar na himthosca go léir a ghabh leis an gcóiriú a tugadh don mháthair le linn an toirchis agus i ndiaidh an toirchis. D'fholaigh an t-athbhreithniú sin sraith moltaí. Ba é tuairim an Ghrúpa Athbhreithnithe nárbh fhéidir an tragóid seo a bhrath ná a sheachaint. Dheimhnigh sé freisin, ón bhfaisnéis a bhí ar fáil, nach raibh aon tásc cliniciúil ann gur dócha go dtitfeadh teagmhas dá leithéid amach arís.

Tá sé an-deacair do lánúin méala atá dulta trí mharbh-bhreith machnamh a dhéanamh ar thoircheas sa todhchaí. Déantar an deacracht sin a iolrú má tá easpa bhraite faisnéise nó comhoibrithe ann ar thaobh fhoireann an ospidéil nó an bhoird sláinte. Sa chás áirithe seo, ábhar misnigh dom é gur chinn an Bord ar Athbhreithniú Teagmhais Chriticiúil a dhéanamh i ndáil leis na himthosca a ghabh le bás an bhabaí seo. Mheas mé gur chéim dhearfach í sin chun iarracht a dhéanamh a fháil amach cathain agus conas a d'fhéadfadh an mharbh-bhreith tarlú agus chun roinnt suaimhnis agus dóchais a thabhairt don lánúin méala. Ábhar eile misnigh dom ba ea a thabhairt faoi deara gur shainaithin an Grúpa Athbhreithnithe roinnt bealaí ina bhféadfaí Polasaí Marbh-Bhreitheanna an Bhoird a fheabhsú go mór agus go ndearna sé roinnt moltaí ina leith sin. Gabhann an buntáiste breise leis na hathbhreithnithe seo sa mhéid, chomh maith le déileáil leis an teagmhas aonair, gur féidir laigeachtaí córasacha a shainaithint agus céimeanna a ghlacadh chun a chinntiú nach dtarlaíonn teagmhais chomhchosúla arís. Ina theannta sin, rinne an Bord Leabhrán Méala a tháirgeadh agus a fhoilsiú atá le cur ar fáil ar fud réimsí boird sláinte eile.

Fuair mé gearán eile mórán mar an gcéanna ó mháthair i limistéar Bhord Sláinte an Oirthuaiscirt (BSOT) ar saolaíodh babaí marbh-bhreithe léi. Ghearán sí faoi ghríos míchompordach feadh a toirchis go léir agus atreoraíodh chuig Deirmeolaí Comhairleach í. I ndiaidh na marbh-bhreithe d'áitigh an bhean gurb é a bhí sa ghríos a bhí aici feadh an toirchis ná Colastáis Chnáimhseach, riocht nach dtarlaíonn ach le linn toirchis agus a chuireann an babaí gan breith i mbaol marbh-bhreithe.

Faoin Acht Ombudsman táim coiscthe go sainiúil ar scrúdú a dhéanamh ar ghearáin in aghaidh bord sláinte maidir le cinntí cliniciúla sa chúram nó sa chóireáil a thugtar d'othar. Dá bharr sin, níor nithe iad a d'fhéadfainn a scrúdú na gnéithe cliniciúla den ghearán. Bhraith mé, áfach, go mbeadh sé úsáideach dá ndéanfaí Athbhreithniú Teagmhais Chriticiúil, cosúil leis sin a rinne BSLR. D'iarr mé ar BSOT cuimhneamh ar bheart dá leithéid a dhéanamh i gcásanna comhchosúla sa todhchaí. I gcaibidlí iardain leis an mBord ba ábhar misnigh dom é a thabhairt faoi deara go raibh, ó thráth an ghearáin a rinneadh le m'Oifig, dul chun cinn mór déanta i ndáil le hathbhreithnithe dá leithéidí a dhéanamh. Dhearbhaigh an Bord go mbeadh an teagmhas a ndearnadh gearán ina leith ina ábhar athbhreithnithe dá dtarlódh sé inniu.

Bord Sláinte Limistéar Chósta an Oirthir

Gearán faoi Tháillí Othair

Fuair mé gearán ó bhean a raibh a fear céile nach maireann ina othar fadchónaithe i gceann d'ospidéil Bhord Sláinte Limistéar Chósta an Oirthir do dhaoine aosta ón 31 Eanáir 1995 go tráth a bháis ar an 21 Meán Fómhair 1997. D'ardaigh an Bord táille chothabhála de £45 in aghaidh na seachtaine agus d'íoc an bhean an táille sin don tréimhse chónaithe a bhí ag a fear céile nach maireann san ospidéal. Ba shealbhóir cárta míochaine é a fear céile agus ba chleithiúnaí dá chuid í. Sna himthosca chreid sí nach raibh feidhm ag na táillí.

Chuir mé ar shúile an Bhoird gur féidir faoi na Rialacháin Sláinte (Táillí le haghaidh Seirbhísí Othair Chónaithigh), 1976, mar atá leasaithe, táille le haghaidh costais seirbhísí othair chónaithigh arna soláthar faoi Alt 52 den Acht Sláinte, 1970, a ghearradh ar dhuine nach duine le hincháilitheacht iomlán (i.e. ag a bhfuil cárta míochaine) i gcás nach bhfuil aon chleithiúnaithe ag an duine sin. Sa chás áirithe seo, áfach, ba é an t-othar an sealbhóir cárta míochaine agus bhí cleithiúnaí aige. Mar sin, níor cheart na táillí cothabhála a ardú. Rinne an Bord an cás a athbhreithniú agus thoiligh sé na táillí a gearradh don tréimhse i gceist a aisíoc. Eisíodh aisíoc de €7,746.30 chuig an mbean.

Is é mo thuairim, áfach, nach ceart go mbeadh pearsa aonair thíos leis mar gheall ar earráid de chuid aon chomhlachta phoiblí, agus gur ceart gach beart a dhéanamh chun pearsa aonair a athchur sa suíomh ina mbeadh sé nó sí sa chás nach mbeadh aon earráid déanta.

Luaigh mé leo nár áiríodh sa mhéid aisíoctha aon eilimint de chúiteamh chun an caillteanas cumhachta ceannaigh san idirthréimhse a chlúdach. Sa mhéid go ndearnadh na táillí a ghearradh go mícheart d'iarr mé ar an mBord breithniú a dhéanamh ar an ngnó seo tuilleadh. Chinn an Bord go raibh, sna himthosca, cúiteamh iníoctha agus rinneadh méid de €2,102.58 bunaithe ar an Treoiruimhir Praghsanna do Thomhaltóirí a íoc freisin chun an cás sin a chur san áireamh.

Bord Sláinte an Lár-Réigiúin

Cóireáil Ortadóntach Diúltaithe

Ghearán bean liom thar ceann a mic a bhí measta ag Bord Sláinte an Lár-Réigiúin le haghaidh cóireála ortadóntaí agus a cuireadh ar liosta feithimh a bhí, ag an am, isteach is amach le trí bliana ar fhad. B'shin de dheasca na ndeacrachtaí a bhí ag an mBord ag déileáil leis an líon cásanna ortadóntacha agus de bharr an ganntanas ortadóntóirí laistigh dá limistéar. Tar éis dhá bhliain feithimh, chinn máthair an linbh ar a mac a thabhairt chuig fiaclóir príobháideach agus tosaíodh ar an gcóireáil le stoitheadh fiacaile amháin. Ghlaoigh an Bord ar an leanbh ina dhiaidh sin ach nuair a tugadh faoi deara go raibh tús curtha leis an gcóireáil phríobháideach, baineadh a ainm den liosta feithimh.

D'fhiafraigh mé cén fáth gur diúltaíodh cóireáil don leanbh nuair a bhí teidlíocht reachtúil aige chuici faoin Acht Sláinte, 1970. Shoiléirigh an Bord dom nár pholasaí dá chuid é cur isteach ar chonradh príobháideach sa mhéid go n-imríonn gach céim, i gcóireáil ortadóntach, tionchar ar an gcéad chéim eile, agus go bhféadfadh plean cóireála athrú ó ortadóntóir go hortadóntóir eile. Dá rachadh an Bord i mbun na cóireála ón áit ar stop an fiaclóir príobháideach, d'éiligh sé nach bhféadfadh sé an toradh a ráthú ach go mbeadh sé freagrach as an gcóireáil san iomlán mar sin féin. Ghlac mé leis go gcoiscfeadh na breithnithe cliniciúla ar ortadóntóirí poiblí dul i mbun cúrsa cóireála nach raibh ceadaithe ná tosaithe acu.

Bhí mé buartha, áfach, nár cuireadh an gearánaí ar an eolas faoi na himpleachtaí a ghabhann le cóireáil ortadóntach phríobháideach a thosú dá mac nuair atáthar ar an liosta feithimh. Is ceart go gcuirfí daoine atá ar an liosta feithimh ortadóntach ar an eolas go hiomlán faoi na himpleachtaí a ghabhann le haon chineál oibre leighis príobháidí eile a lorg agus faoi na breathnuithe cliniciúla do bhoird sláinte má dhéanann siad amhlaidh. Ní féidir le tuismitheoirí cinntí réasúnaithe a dhéanamh faoi chóireáil a leanaí ach má chuirtear ar an eolas iad faoi na roghanna atá ann dóibh. Sa chás seo, ní raibh an gearánaí curtha ar an eolas ag an mBord dá dtosódh sí cóireáil phríobháideach dá mac go mbainfí a ainm de liosta feithimh an Bhoird Sláinte.

D'iarr mé ar an mBord an cás a athbhreithniú sa chomhthéacs sin. Thoiligh an Bord, sa mhéid nach raibh an gearánaí curtha ar an eolas faoin gcás maidir le cóireáil phríobháideach a thosú, go maolódh sé an t-ualach airgeadais ar an teaghlach a ghabh le leanúint den chóireáil phríobháideach. Bheartaigh sé ar íocaíocht *ex gratia* de €1,000 a thabhairt don ghearánaí i leith na gcostas iomchuí. Scríobh mé chuig gach bord

sláinte ansin á iarraidh orthu go gcuirfidís nós imeachta i bhfeidhm lena ndéantar daoine a chur ar an eolas go hiomlán faoi na hiarmhairtí cliniciúla a ghabhann le cóireáil ortadóntach leighis phríobháideach a thosú fad atáthar ag feitheamh le cóireáil phoiblí. B'shin chun a chinntiú go gcuirfí i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go haonchineálach ar fud na mbord sláinte aonair an polasaí maidir le tuismitheoirí a chur ar an eolas go hiomlán faoin gcás i ndáil le cóireáil ortadóntach.

Bord Sláinte an Deiscirt

Gannchion i dTáillí Tí Altranais

Othar 98 mbliana d'aois i dteach altranais príobháideach a bhí sa ghearánaí agus bhí sí ann le hocht mbliana. Bhí sí ag fáil fóirdheontais de €98.99 ó Bhord Sláinte an Deiscirt chun cabhrú chun a cuid táillí tí altranais a íoc agus thug sé sin, in éineacht le pinsean ó Stáit Aontaithe Mheiriceá, a hioncam míosúil go thart ar €1,150. Is é a bhí sna táillí tí altranais go míosúil, áfach, ná €2,275, rud a d'fhág gannchion de €1,125 in aghaidh na míosa.

Scríobh mátrún an tí altranais chuig ionadaí poiblí áitiúil ag tabhairt achoimre ar riocht an ghearánaí. Scríobh an t-ionadaí poiblí chugam faoin gcás agus faoin tráth sin bhí riaráiste de thart ar €6,000 carntha ag an ngearánaí, rud a bhí ag cothú imní agus buairt mhór di. Nuair a labhair mé leis an mBord maidir le féidearthacht fóirdheontais mhéadaithe cuireadh in iúl dom go raibh cúig chéad duine, nach mór, chun tosaigh uirthi ar an liosta feithimh le haghaidh fóirdheontais mhéadaithe.

Scrúdaigh mé Polasaí Fóirdheontas Méadaithe an Bhoird agus thug mé do m'aire go bhféadfadh sé breithniú a dhéanamh ar chásanna mar thosaíocht láithreach i gcás go raibh iarratasóirí, de bhua géarchéime i ndáil lena n-imthosca aonair, i ngátar idirghabhála láithrí. Mhol mé don Bhord go mb'fhéidir i bhfianaise aois agus imthosca airgeadais an ghearánaí seo go ndéanfadh sé breithniú ar thosaíocht láithreach i ndáil lena hiarratas ar fhóirdheontas méadaithe.

D'fhreagair an Bord tríd an bhfóirdheontas iníoctha a mhéadú go €166.55 in aghaidh na míosa agus dúirt go gcoinneofaí a suíomh ar an liosta feithimh faoi athbhreithniú.

Bhí mé míshásta le freagairt an Bhoird agus d'iarr mé go ndéanfaí an gnó a athbhreithniú arís. Níor samhlaíodh dom go raibh breithniú leordhóthanach tugtha d'imthosca meathlaitheacha pearsanta an ghearánaí. I ndiaidh athbhreithnithe bhreise thug an Bord le fios go raibh cinnte aige ar fhóirdheontas méadaithe de €375.65 in aghaidh na seachtaine a chur ar fáil don ghearánaí, méid, in éineacht lena hioncam de €204.43, a chlúdaigh a cuid táillí tí altranais de €550 agus a d'fhág méid cothrom le haon chúigiú den phinsean seanaoise neamh-ranníocach le haghaidh úsáide pearsanta.

Bord Sláinte Limistéar an Iardheiscirt

Riaráiste Fóirdheontais Tí Altranais Diúltaithe

Fuair mé gearán ó fhear a raibh a máthair nach maireann ina hothar faoi chúram tí altranais phríobháidigh ó 1987 go 2000. Bhí an bhean seo ag fáil cúnamh airgeadais i leith chostas a cúraim bealach fóirdheontais ó Bhord Sláinte Limistéar an Iardheiscirt faoi théarmaí Alt 54 den Acht Sláinte, 1970, ó thráth a hiontrála. Athraíodh an reachtaíocht i 1993 le tabhairt isteach na Rialachán um Fhóirdheontais Tí Altranais lenar ceadaíodh imthosca iarratasóra, lena n-áirítear imthosca a t(h)eaghlaigh, a chur san áireamh le linn a (h)incháilitheacht le haghaidh fóirdheontais a chinneadh.

I ndiaidh Thuarascáil an Ombudsman ar Fhóirdheontais Tí Altranais i 2001, labhair an gearánaí leis an mBord Sláinte chun a fháil amach an mbeadh a máthair nach maireann i dteideal cúitimh mar thoradh ar imthosca teaghlaigh a mheas. Ag an gcéim sin, cuireadh in iúl don ghearánaí go bhfuair a mháthair nach maireann teidlíocht fóirdheontais iomlán agus, mar sin, nach raibh aon riaráiste dlite. Ní raibh sé ar an eolas faoin

mbealach achomhairc le Stiúrthóir Seirbhísí agus Achomharc Custaiméara an Bhoird maidir leis an ngnó. Rinne an gearánaí teagmháil le m'Oifig, agus ar scrúdú na saincheiste, bhraith mé gur ceart go ndéanfaí a mháthair nach maireann a athmheas i 1993 i ndiaidh thabhairt isteacht na reachtaíochta nua. Mhol mé dó go rachadh sé chun cainte leis an Stiúrthóir Seirbhísí Custaiméara laistigh den Bhord Sláinte d'fhonn an gnó a athbhreithniú sa tslí sin.

I ndiaidh an athbhreithnithe seo, chinn an Stiúrthóir nach raibh a teidlíocht iomlán d'fhóirdheontas faighte ag máthair an ghearánaí agus rinneadh íocaíocht riaráiste de €34,604 san iomlán lena heastát.

Údaráis Áitiúla

Comhairle Contae Mhaigh Eo

Deontas Deisiúchán Riachtanach Diúltaithe

Chuir bean scothaosta iarratas isteach chuig Comhairle Contae Mhaigh Eo ar Dheontas Deisiúchán Riachtanach (DDR) i bhFeabhra 1996. Cheadaigh an Chomhairle sainoibreacha áirithe, ar chostas measta de £5,000 (€6,350) agus ceadaíodh deontas, sa tsuim £1,800 (€2,285), i leith na n-oibreacha comhaontaithe. Nuair a scrúdaigh Innealtóir na Comhairle an obair ar a críochnú, áfach, thuairiscigh sé go raibh athchóiriú fairsing déanta ar an maoin, lena n-áirítear suiteáil fuinneog dormánta. Is é a bhí i gcostas measta na n-oibreacha críochnaithe ná £24,000 (€30,500). Thuairiscigh Innealtóir na Comhairle go raibh sé sin i bhfad de bhreis ar na hoibreacha ceadaithe bunaidh agus, ag féachaint do théarmaí Scéim DDR na Comhairle, nach raibh an Chomhairle toilteanach an deontas ceadaithe bunaidh, sa tsuim €2,285, a íoc.

Faoi Airteagal 5(1) de na Rialacháin Tithíochta (Deontais le haghaidh Daoine faoi Chumas agus Deisiúchán Riachtanach), 2001, foráiltear:

> *"gur féidir le húdarás tithíochta deontas a íoc le duine atá ag déanamh deisiúcháin bhreise ar theach i gcás gurb ionann, i dtuairim an údaráis, na deisiúcháin, cé gur lú iad ná na deisiúcháin sin a bheadh oiriúnach chun go mbeadh an teach cuí ar gach bealach, agus deisiúcháin a measann sé iad a bheith riachtanach go réasúnach chun ré úsáideach an tí a fhadú."*

Bhí luí ag m'Oifig leis an tuairim go raibh, ag cuimhneamh ar imthosca ar leith an ghearánaí, cúiseanna maithe leis na deisiúcháin fhairsinge a rinneadh anuas ar na hoibreacha a ceadaíodh ó thús. Agus sin á rá, bhí ar m'Oifig glacadh leis nár cháiligh na hoibreacha breise sin, sa mhéid go ndearnadh iad gan réamhchead nó réamhscrúdú na Comhairle, le haghaidh cúnaimh deontais faoi théarmaí na scéime deontais áirithe seo.

Ba é tuairim m'Oifige ná, má cuireadh na hoibreacha a ceadaíodh i dtosach i gcrích, gur ceart go mbeadh an gearánaí i dteideal an deontais bhunaidh, mar a ceadaíodh, i leith na sainoibreacha ceadaithe. Dá réir sin, d'iarr m'Oifig ar an gComhairle athbhreithniú a dhéanamh ar láimhsiú an cháis. D'athbhreithnigh an Chomhairle an cás ach, ar an drochuair, dhiúltaigh sí aon íocaíocht deontais a dhéanamh leis an ngearánaí i leith na n-oibreacha ceadaithe a bhí déanta aici.

Míshásta leis an bhfreagairt sin, labhair m'Oifig leis an gComhairle arís agus dhírigh a haird ar an gcaoi a raibh stoirm ann, go gairid tar éis don ghearánaí tús a chur leis na hoibreacha ceadaithe, fad nach raibh an teach faoi dhíon agus, mar thoradh air sin, gur bhraith sí gur ghá di deisiúcháin fhairsinge a dhéanamh ar an teach. D'fhiafraigh m'Oifig den Chomhairle an raibh breithniú déanta aici ar phrionsabal an *force majeure*, ag féachaint d'imthosca sainiúla an cháis, is é sin teacht na stoirme nuair nach raibh an teach faoi dhíon.

Baineann an prionsabal sin, atá ina ghné de dhlí na hEorpa, le himthosca nach bhfuil neart ag pearsa aonair orthu agus nach féidir na hiarmhairtí a sheachaint. Cumasaíonn an prionsabal solúbthacht i

bhfeidhmiú rialacha d'fhonn cruthú éagóra a sheachaint. Ghlac m'Oifig an tuairim go raibh, sa chás áirithe seo, feidhm ag prionsabal an *force majeure* agus dhealraigh sé gur rud é sin nár chuir an Chomhairle san áireamh le linn di teacht ar a cinneadh bunaidh. Arís, d'iarr m'Oifig ar an gComhairle athmhachnamh a dhéanamh ar a seasamh ag féachaint do shonraí sainiúla an cháis seo agus, arís, dhiúltaigh an Chomhairle athmhachnamh a dhéanamh ar an gcás.

Ag an gcéim seo, ag cuimhneamh ar an taithí leis an gcás áirithe seo agus le cásanna eile, d'iarr m'Oifig ar an gComhairle athbhreithniú a dhéanamh ar a Scéim DDR ag féachaint do na Rialacháin rialaithe reatha. Mar fhreagairt, thoiligh an Chomhairle dul i mbun athbhreithnithe chuimsithigh agus tá an t-athbhreithniú sin faoi sheol anois. Mhol m'Oifig freisin go dtabharfaí athfhéachaint ar an gcás arís i gcomhthéacs an athbhreithnithe leanúnaigh. Mar thoradh air sin, thoiligh an Chomhairle ar deireadh deontas sa tsuim €2,285 a íoc i leith na n-oibreacha ceadaithe a bhí déanta ag an ngearánaí.

Comhairle Contae Cheatharlach

Earráid Riaracháin i bPróiseas Pleanála

Tá cuid mhaith feidhmeanna casta agus éagsúla ag Údaráis Áitiúla agus ar uairibh féadfaidh siad botúin nó earráidí a dhéanamh le linn na feidhmeanna sin a chomhlíonadh. Nuair a fhaighim gearán faoi earráid dá leithéid, chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar an ngníomh bunaidh, déanaim scrúdú freisin ar an gcaoi a ndéileálann an t-údarás áitiúil leis an toradh a luaithe atá an earráid tugtha faoi deara aige. I roinnt cásanna, nuair nach ngníomhaíonn an t-údarás áitiúil nó nuair nach ngabhann sé leithscéal, géaraítear an scéal leis an easpa gníomhaíochta iardain sin. I gcásanna eile, níos mó ná riamh, féachann údaráis áitiúla le hiarmhairtí díobhálacha a ngníomhartha féin a mhaolú agus is forbraíocht í sin atá spreagtha agam agus tá mé an-sásta a fheiceáil go bhfuil sí ag éirí coitianta anois.

I sampla amháin de sin bhí Comhairle Contae Cheatharlach agus an chaoi inar ghlac sí go héagórach le hagóid i gcoinne iarratais pleanála lasmuigh den teorainn ama. Fuair mé gearán ó fhear ar cuireadh moill ar dheonú a cheada pleanála mar gur ghlac an Chomhairle le hagóid neamhbhailí i gcoinne a iarratais ar chead pleanála. Fuarthas an cead pleanála ar an 16 Eanáir 2003. D'éag an tréimhse reachtúil ina nglactar le hagóidí ar an 19 Feabhra 2003 (5 seachtaine ina dhiaidh sin). Ghlac an Chomhairle le hagóid i gcoinne na forbraíochta ar an 19 Feabhra 2003 ach ní raibh aon táille faoi iamh, rud a d'fhág go raibh sé neamhbhailí. Scríobh an Chomhairle chuig an agóideoir, áfach, ag lorg na táille a íocadh ina dhiaidh sin ar an 27 Feabhra 2003. Eisíodh an cinneadh chun cead a dheonú chuig an iarratasóir ar an 11 Márta 2003 agus cuireadh an t-agóideoir ar an eolas an lá céanna. Rinne an t-agóideoir achomharc leis an mBord Pleanála ansin.

Nuair a cuireadh ar shúile na Comhairle go raibh glactha aici le hagóid neamhbhailí, rinne sí teagmháil leis an mBord Pleanála chun an seasamh dlíthiúil a fháil amach. Chuir an Bord Pleanála in iúl don Chomhairle mar go raibh glactha ag an gComhairle leis an agóid go raibh ceangal anois air déileáil leis an achomharc. Mhínigh an Chomhairle an scéal don Bhord agus d'iarr go neamhfhoirmiúil air déileáil leis an gcás a luaithe is féidir. Rinne an Bord Pleanála a chinneadh ansin ar an 16 Bealtaine 2003. San iomlán, níor cothaíodh ach moill míosa don iarratasóir le hearráid na Comhairle maidir le glacadh le hagóid a bhí neamhbhailí, agus í a choinneáil agus a éascú tríd an iarraidh iardain ar an táille. Ghabh an Chomhairle leithscéal leis an ngearánaí agus rinne a dícheall an mhoill a cothaíodh lena hearráid a íoslaghdú. Ábhar misnigh a bhí ann a fheiceáil gur ghlac an Chomhairle go pras lena hearráid agus an chaoi inar fhéach sí lena tionchar a mhaolú ina dhiaidh sin.

Comhairle Contae Chill Dara

Díospóid faoi Scéim Tosaíochtaí Ligin

I dTuarascáil Bhliantúil mo réamhtheachtaí do 1999 áiríodh cás faoi bhean a ghearán gur dhiúltaigh Comhairle Contae Chill Dara sonraí a sholáthar di i dtaobh a suímh ar an liosta feithimh tithíochta. Dúirt sé an méid seo a leanas:

”Bhraith mé go bhfuil iarratasóirí ar thithíocht i dteideal a fháil amach cé na critéir a úsáidtear chun leithdháiltí tithíochta a chinneadh agus, ina theannta sin, cén chaoi a dtéann na critéir sin i gcion ar a n-iarratais féin i.e. cá seasann siad ar an liosta feithimh. I ndiaidh roinnt teagmhálacha ó m'Oifig, thoiligh an Chomhairle córas a thabhairt isteach a chuirfeadh ar a cumas iarratasóirí a chur ar an eolas faoina neas-suíomh ar an liosta tithíochta.”

Ba dhíomách, mar sin, gearán comhchosúil a fháil in aghaidh Chomhairle Contae Chill Dara i 2002. Bhí cónaí ar an ngearánaí i gcóiríocht cíosa phríobháidigh, agus bhí a léas le hathnuachan. Bhí sí buartha dá síneodh sí léas nua, agus dá bhfógrófaí teach Comhairle ar fáil di, go bhféadfadh sé go mbeadh an cíos dlite uaithi do théarma an léasa. D'iarr sí sonraí ar an gComhairle faoina suíomh ar an liosta feithimh ionas go bhféadfadh sí insint dá tiarna talún dá bhféadfadh sí léas dhá mhí dhéag a ghlacadh.

Le linn comhfhreagrais le m'Oifig, agus cruinniú iardain leis an mBainisteoir Contae, mhínigh an Chomhairle go raibh Scéim Tosaíochtaí Ligin bunaithe ar phointí curtha aici faoi bhráid na gcomhaltaí tofa. Faoin scéim bheartaithe d'iarrfaí ar iarratasóirí a dtosaíochtaí a léiriú maidir leis na limistéir ina raibh tithíocht le cur ar fáil. Nuair a bheadh tithíocht ar fáil ansin, dhéanfaí na daoine sin a léirigh tosaíocht don limistéar áirithe sin a mheas agus a rangú. Ní raibh sé i gceist ag an gComhairle, áfach, sonraí faoina gcuid pointí, nó faoina neas-suímh ar an liosta feithimh, a chur ar fáil d'iarratasóirí. I measc na gcúiseanna a thug an Chomhairle gan déanamh amhlaidh áiríodh go n-ídeofaí acmhainní foirne leis an déanamh measúnachtaí agus go mb'fhéidir go ndéanfaí an Chomhairle a cháineadh faoi fhaisnéis a chur ar fáil nach raibh cruinn.

Thug mo chuid oifigeach le fios go mbeadh teip maidir le faisnéis faoina suíomh ar na liostaí feithimh éagsúla tithíochta a chur ar fáil d'iarratasóirí bunoscionn leis an tiomantas a tugadh do m'Oifig roimhe seo. Cé gur glacadh leis gurb é a bhí sa scéim bheartaithe le déanaí ná modh chun tosaíocht le haghaidh tithíochta a chinneadh, chiallaigh an tslí ina raibh sí le cur chun feidhme nach gcuirfí iarratasóirí ar an eolas faoina suíomh ar an liosta tithíochta go dtí an tráth sin go raibh tithe ullamh le leithdháileadh. I mo thuairim, bhí easpa trédhearcachta sa scéim nua ar bhealach a chothódh easpa muiníne ina riaradh, agus d'éireodh tuilleadh gearán aisti.

D'fhonn an deacracht a shárú mhol m'Oifig don Chomhairle go bhféadfadh sí foirm iarratais, a d'aimseodh na sonraí riachtanacha go léir, a sholáthar agus, tar éis go ndéanfadh gach iarratasóir ar thithíocht í a chomhlánú go gcumasófaí don Chomhairle measúnacht shealadach ar phointí a dhéanamh i leith gach iarratasóra. Ag an gcéim sin, d'fhéadfaí iarratasóirí a chur ar an eolas faoi na limistéir nach raibh aon phleananna le haghaidh tithíochta iontu. In áiteanna a mbeadh tithíocht beartaithe, áfach, d'fhéadfaí a insint d'iarratasóirí cén líon aonad a bhí á soláthar, cé na pointí a bhí leithdháilte go sealadach dóibh bunaithe ar ábhar na foirme iarratais, agus cén líon íosta pointí a theastódh chun tairiscint ar chóiríocht in aon limistéar ar leith a fháil. Bheadh figiúr na bpointí íosta bunaithe ar an éileamh foriomlán ar an líon aonad ar fáil. Bheadh na pointí sealadacha arna dtabhairt ag céim an iarratais faoi réir fíoraithe i gcás dóthain pointí a bheith ag an duine sin le haghaidh breithnithe le haghaidh tairisceana ag an gcéim leithdháilte. Dhéanfaí tairiscintí ar thithíocht ansin de réir na scéime.

Bhraith mé go sárádh an cur chuige seo cúiseanna imní na Comhairle maidir le hacmhainní agus cáilíochta na faisnéise á cur ar fáil d'iarratasóirí, mar nach mbeadh gá le measúnacht iomlán anois ach d'fhonn na sonraí arna soláthar ag céim an iarratais a dheimhniú nó a

athbhreithniú. Bheadh a fhios ag iarratasóirí anois an líon pointí a bhí leithdháilte dóibh, an bunús le leithdháileadh na bpointí sin, agus an líon íosta pointí a theastódh d'fhonn tairiscint ar thithíocht a fháil. Chuir an Chomhairle in iúl do m'Oifig ina dhiaidh sin go raibh Scéim Tosaíochtaí Ligin glactha aici a chuimsigh córas measúnachta pointí sealadach ag céim an iarratais, agus go raibh an scéim ar feitheamh ceadaithe ón Aire.

Comhairle Contae Mhaigh Eo

Oibleagáidí faoin Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995

De bharr dearmaid, ghearr Gníomhaire Dlí Chomhairle Contae Mhaigh Eo táille ar chliant de chuid na Comhairle, seachas ar an gComhairle féin, as obair dhlíthiúil a rinneadh chun teideal chun maoine a dheimhniú a bhain le hiarratas ar iasacht ón gComhairle. Is é a bhí sa mhéid iomchuí ná €153.67. Fuair m'Oifig amach go raibh an cleachtas sin contrártha d'Alt 125 den Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995, faoina bhforáiltear, i ndiaidh an 1 Meán Fómhair 1997, nach mór don Chomhairle agus ní an t-iasachtaí aon chostais imscrúdaithe dhlíthiúil ar theideal a íoc.

Nuair a chuir m'Oifig an gnó seo ar aird na Comhairle, shocraigh sí go n-aisíocfaí an méid i gceist leis an ngearánaí agus ghabh leithscéal leis faoin dearmad. Sa mhéid go bhféadfadh sé nach teagmhas aonrach é seo, áfach, d'iarramar ar an gComhairle a shoiléiriú an raibh cásanna comhchosúla ann agus, i ndiaidh scrúdaithe, dheimhnigh an Chomhairle go raibh, i dteannta leis an gcás bunaidh, 16 chás bhreise aimsithe aici inar tharla earráid chomhchosúil. Gearradh rótháillí ar chliaint na Comhairle i suimeanna sa raon ó €122.94 go €153.67. Is é a bhí san iomlán, agus an cás bunaidh san áireamh, ná €2,397.25. A luaithe a sainaithníodh na cásanna seo, rinne an Chomhairle na socruithe chun na haisíocaíohtaí riachtanacha a dhéanamh lena cliaint.

D'éirigh saincheist eile as an ngearán seo. Áiríodh air fógra a thabhairt d'iarratasóirí faoi aon táillí a d'fhéadfadh an Chomhairle a ghearradh i ndáil le hiasachtaí tithíochta. Sa chás áirithe seo d'inis Comhairle Contae Mhaigh Eo do m'Oifig gurb é an nós imeachta tosaigh a bhí aici ná iarratasóirí a chur ar an eolas ag agallamh faoi aon táillí dlíthiúla a d'fhéadfadh a bheith ann a ghearrfaí ar an iarratasóir. Nuair a scrúdaigh m'Oifig an reachtaíocht iomchuí, ba léir go gceanglaíonn Alt 132 den Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995, ar údarás áitiúil aird an iarratasóra a dhíriú **i scríbhinn** ar a d(h)liteanas agus ar an gcaoi a bhfuil an táille le cinneadh. Is é an cuspóir leis sin ná a chinntiú go mbeidh an t-iarratasóir ar an eolas faoin méid a bheidh air nó uirthi a íoc sula dtoilíonn sé nó sí glacadh leis an iasacht. Trí dhaoine a chur ar an eolas ó bhéal seachas i scríbhinn, níor chomhlíon an Chomhairle a cuid oibleagáidí faoin Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí. D'iarr mé ar an gComhairle ansin athbhreithniú a dhéanamh ar a nósanna imeachta ina leith sin agus rinne an Chomhairle amhlaidh. Ag cuimhneamh ar scála na faidhbe a sainaithníodh i Maigh Eo, thuairiscigh m'Oifig an gnó don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus d'iarr uirthi a mheabhrú do gach údarás áitiúil faoina n-oibleagáidí dá gcustaiméirí faoi Alt 125 agus Alt 132 den Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995. Go gairid ina dhiaidh sin, d'eisigh an Roinn an Ciorclán riachtanach chuig na húdaráis go léir.

4

An Bhliain faoi Athbhreithniú

4 An Bhliain faoi Athbhreithniú

Gníomhaíocht Pleanála Gnó i 2003

Leanadh de ghníomhaíochtaí pleanála gnó le linn 2003 ar fad ag féachaint le cáilíocht na seirbhíse a chuirimid ar fáil dár gcliaint a fheabhsú agus tacú le forbairt phearsanta ár bhfoirne chun an tseirbhís sin a chur ar fáil.

Seirbhís dár gCliaint

Scagadh Cásanna

Rinneadh na nósanna imeachta um scagadh cásanna a tugadh isteach den chéad uair i 2001 a mhionchoigeartú ar roinnt bealaí i 2003 agus tá na nósanna imeachta ionchorpraithe go mór anois. Tugann siad fócas breise don mheasúnacht tosaigh ar ghearáin nua ionas gur léir cé na saincheisteanna is gá a shaothrú leis an gcomhlacht poiblí. Ina theannta sin, cabhraíonn siad chun a shoiléiriú má tá gnéithe den ghearán ann a d'fhéadfadh a bheith lasmuigh den sainchúram. Cumasaíonn na nósanna imeachta do bhainisteoirí freisin treorú mionsonraithe a thabhairt do chásoibrithe ar an gcaoi le tabhairt faoin gcás ón tús.

Cásobair Cháilíochta

Le linn 2003 shampláil roinnt grúpaí oibre den Oifig comhaid ghearáin aonair trí thagairt do shraith caighdeán agus táscairí cáilíochta comhaontaithe agus cuireadh tuarascálacha ar a dtorthaí faoi bhráid an Choiste Chomhairligh Bainistíochta ar bhonn gach dhá mhí. Rinneadh amach tuarascáil achomair a chlúdaigh an bhliain ina hiomláine inar áiríodh moltaí ar an gcaoi le cásobair cháilíochta a chothabháil agus a fheabhsú agus ar an gcaoi leis an bpróiseas samplála a fheabhsú, rud a leanfar de feadh 2004. Tá beartú tosaíochta tugtha do chur chun feidhme na moltaí le haghaidh gníomhaíochta i bPleananna Gnó 2004 na hOifige.

Cásuimhreacha

Rinneadh dul chun cinn maith sa réimse seo i 2003. Socraíodh sprioc de 865 chás idir lámha ag deireadh 2003 agus bhí 814 chás idir lámha ag deireadh na bliana. D'fhéachamar le líon na gcásanna a bhíonn oscailte níos mó ná 52 sheachtain a laghdú go 173 faoi dheireadh 2003 agus is 167 a bhí sa líon cásanna dá leithéid sin ag deireadh na bliana.

Caidreamh le Comhlachtaí Poiblí faoi Shainchúram

Le linn na bliana lean m'Oifig dá clár seimineár réigiúnach, mar a comhaontaíodh idir m'Oifig agus ionadaithe an Chumainn Bainisteoirí Contae agus Cathrach. Is é cuspóir na seimineár ná caidreamh oibre níos fearr a chothú idir m'Oifig agus údaráis áitiúla ionas gur féidir linn tuiscint níos fearr a fháil ar ár róil féin agus bealaí a scrúdú inar féidir linn seirbhís cháilíochta níos fearr a chur ar fáil dár gcliaint féin. Bhuail m'fhoireann le triúr Bainisteoirí Contae anuraidh agus tionóladh dhá sheimineár in dhá shuíomh: Comhairle Contae Chill Mhantáin agus Comhairle Contae Chorcaí. Ag leanúint den téama: *Cad is féidir le húdaráis áitiúla a dhéanamh chun seirbhís don Ombudsman a fheabhsú agus conas is féidir leis an Ombudsman cabhrú le húdaráis áitiúla,* is spéis leis an Oifig cultúr cabhrachta seachas cáinte (cairéad in áit na cleithe) a chur chun cinn agus aon bhac ar chumarsáid éifeachtach a d'fhéadfadh a bheith ann idir m'Oifig agus údaráis áitiúla a shárú. Táim buíoch de na húdaráis ósta a d'eagraigh na seimineáir agus as an modh cúirtéiseach agus fáilteach inar glacadh le m'fhoireann. Leanfaimid den phróiseas a fhorbairt agus glacfaidh ar bord tuairimí ó údaráis áitiúla d'fhonn a chinntiú go mbíonn deis ag gach údarás áitiúil páirt a ghlacadh i seimineár sa gharthodhchaí.

Tionóladh tionscnaimh oiliúna le Bord Sláinte an Lár-Réigiúin agus leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Rinneadh dul chun cinn mór leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, a ghlac le prionsabail an

Ombudsman i ndáil le cúiteamh agus a chuaigh i mbun plé réamhghníomhaigh faoi dheacrachtaí i léirmhíniú na dtreoirlínte faoin ndéantar cinntí ar Liúntas Cúraim Baile. Cé nach bhfuil reachtaíocht foilsithe go nuige seo lena gcuirtear nós imeachta maidir le gearáin reachtúla ar bun, sainaithníodh i bhfrámaíocht ar láimhsiú gearán i réigiún an oirthir, arna forbairt ag Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir, an tOmbudsman mar bhealach oiriúnach deiridh chun gearán a dhéanamh. Ghlac baill foirne ó m'Oifig ról suntasach freisin i dtionscnamh a bhain le táscairí sástachta othair a d'fhorbair Feidhmeannas na mBord Sláinte ag éirí as an straitéis náisiúnta sláinte.

Le linn na bliana chuaigh roinnt Rann, lena n-áirítear an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, i gcomhairle le m'Oifig maidir le nósanna imeachta um ghearáin agus achomhairc inmheánacha a fhorbairt.

Tuarascáil Dul Chun Cinn ar ár Straitéis Bainistíochta Acmhainní Daonna (BAD)

I dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo caite leagadh amach an cúlra lenár Straitéis BAD a bhí ag teacht chun cinn agus an réasúnaíocht laistiar di. I ndiaidh comhairliúcháin fhairsing leis an bhfoireann ba mhór agam maoirseacht a dhéanamh ar chríochnú agus ar sheoladh Straitéis BAD 2003-2005 i mí Iúil 2003.

Cé go bhfuil an clár oibre BAD an-leathan is é an cur chuige a glacadh ná raon teoranta saincheisteanna a shainaithint a d'fhéadfaí a fhoirmiú mar thionscadail a bhí le cur chun feidhme go hiomlán thar thrí bliana na straitéise. Bhí na tionscadail sin le cur chun feidhme ag baint úsáide as obair fhoireann-bhunaithe le cúnamh ball foirne tarraingthe ó réimsí uile na hOifige. D'fholaigh an straitéis fhoilsithe Pleananna Gníomhaíochta do na ceithre réimse tosaíochta roghnaithe seo a leanas: Ionduchtúchán, Luachanna Saothair agus Spreagadh, an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) (lena n-áirítear monatóireacht ar an bpróiseas, próifílí róil agus inniúlachtaí a chaighdeánú, agus oiliúint agus forbairt a sheachadadh) agus Comhionannas Inscní.

Ionduchtúchán

Ba é an aidhm ná clár oiliúna ionduchtúcháin cuimsitheach foirmiúil a tháirgeadh d'iontrálaithe nua san Oifig. Bunaíodh Grúpa Oibre a d'fhoirmigh Frámaíocht d'Oiliúint Ionduchtúcháin. Ina thuarascáil don bhainistíocht shainaithin an Grúpa raon cuimsitheach modúl oiliúna ionduchtúcháin ar leibhéal cineálach agus rannógach agus rinne moltaí faoin gcaoi inar ceart iad a dhréachtú agus a sheachadadh. Sannadh freagracht ansin do na baill foirne aonair agus thosaigh foirne ag dréachtú ábhar mhodúil na Frámaíochta d'Oiliúint Ionduchtúcháin. Déanann an Coiste Comhpháirtíochta monatóireacht ar dhul chun cinn agus seiceáil ar na modúil aonair de réir mar a tháirgtear iad. Tá sé beartaithe go mbeidh clár iomlán oiliúna ionduchtúcháin comhaontaithe agus i bhfeidhm faoi shamhradh 2004.

Luachanna Saothair agus Spreagadh

Bunaíodh Grúpa Bainistíochta Láir um Luachanna Saothair agus Spreagadh i 2003. Is é an sainchúram atá aige ná scrúdú a dhéanamh ar bhealaí leis an bhfoireann a spreagadh agus conas inspreagadh agus tiomantas a chothabháil d'fhonn polasaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir leis sin i 2004. Mar chuid den chlár oibre d'eisigh an Grúpa ceistneoir chuig gach ball foirne ag féachaint lena dtuairimí faoi shaincheisteanna atá bainteach le hobair a fháil a d'fhéadfaí a fheiceáil mar inspreagthach nó díspreagthach. Fiafraíodh díobh freisin ar mheas siad go raibh na scéimeanna agus na teidlíochtaí ina luachanna saothair e.g. incrimintí srl. Gné spéisiúil de na torthaí is ea gurb é an fachtóir inspreagthach is airde a shainaithin an fhoireann ná cineál na hoibre a bhí siad a dhéanamh laistigh den eagraíocht. Ag baint úsáide as torthaí an tsuirbhé beidh an Grúpa ag rith sraith cruinnithe le pearsana aonair agus grúpaí foirne chun tuiscint níos doimhne a fháil ar an rud a spreagann iad agus bainfear úsáid as sin sa phróiseas foirmithe polasaí ansin.

CBFF

Tá an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) ina bhunchuid anois den chaoi ina bhfeidhmíonn an Oifig. D'fholaigh mórfhorbairtí i 2003 suirbhé atmaisféir eagraíochtúil a dhéanamh mar ullmhúchán don chéad chéim eile de CBFF lena spreagfar sealbhóirí poist, le linn a n-athbhreithnithe feidhmíochta bhliantúil, le haiseolas aníos a thabhairt ar fheidhmíocht a maoirseora. Bhí torthaí an tsuirbhé atmaisféir an-dearfach. Thaispeáin sé gur aontaigh 90% den fhoireann go raibh siad soiléir maidir lena róil laistigh den eagraíocht ina hiomláine; tá an tsoiléireacht sin go mór i ngeall ar oibriú an CBFF. Ar an dul céanna, d'aontaigh 83% gur chuir an bhainistíocht treorú, pleananna agus dul chun cinn in iúl don fhoireann.

Ullmhaíodh sraith iomlán inniúlachtaí le haghaidh gach gráid san eagraíocht i 2003 agus bhain baill foirne agus bainisteoirí úsáid aisti chun riachtanais a chinneadh le haghaidh feidhmíochta éifeachtaí agus le haghaidh oiliúna agus forbartha éifeachtaí.

Comhionannas Inscní

Déanann Grúpa Comhionannais Inscní monatóireacht ar spriocanna cothromaíochta inscní na hOifige agus ar na fachtóirí a d'fhéadfadh dul i gcion ar ghnóthachtáil na spriocanna sin mar:

- páirtíocht foirne i gcomórtais ardaithe céime;
- tionscnaimh oiliúna agus fhorbartha;
- comhdhéanamh inscne na mbord agallaimh le haghaidh comórtas inmheánach/idir-rannach;
- glacadh le tionscnaimh theaghlach-chairdiúil (fleisc-am, postroinnt, am téarma, sosanna gairme);
- an dáileadh fear agus ban ar fud rannóga na hOifige.

Tuairiscíonn sé ar na saincheisteanna seo don Choiste Comhairleach Bainistíochta ar bhonn ráithiúil. Déanann an Grúpa promhadh inscne ar pholasaí iomchuí nua na hOifige agus le linn 2003 d'fhorbair sé treoirlínte maidir le comhionannas inscní le haghaidh agallóirí agus measúnóirí.

Tá feidhm ag spriocanna inscne na hOifige le gráid ar leibhéal Oifigeach Feidhmiúcháin agus os a chionn sin in Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Is é cúig bliana an fráma ama chun na spriocanna a bhaint amach. Faoi láthair tá an céatadán ban i ngráid Oifigigh Feidhmiúcháin, Ard-Oifigigh Feidhmiúcháin agus Phríomh-Oifigh Chúnta (Imscrúdaitheoir) beagán faoi bhun nó os cionn na spriocanna comhaontaithe. Táthar ag súil go mbainfear an ráta spriocpháirtíochta ar leibhéal Príomh-Oifigigh (Imscrúdaitheoir Sinsearach) amach laistigh den fhráma ama le cúnamh gníomhach polasaithe comhionannais inscní.

Ráiteas Straitéise 2004-2006 na hOifige

Le cúnamh éascaitheoirí seachtracha dhréachtaigh an tOmbudsman/Coimisnéir Faisnéise agus an Bhainistíocht Shinsearach moltaí le haghaidh Ráiteas Straitéise a chlúdaíonn an tréimhse 2004-2006. Cuimsíonn an Straitéis Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus an Rúnaíocht don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. I ndiaidh próisis comhairliúcháin fhorleathain leis an bhfoireann ar fud na heagraíochta agus leis an gCoiste Comhpháirtíochta tugadh Straitéis chomhaontaithe chun críche inar sainaithníodh na ceithre Sprioc Ardleibhéil atá againn chun obair na heagraíochta a threorú thar na trí bliana romhainn. Is iad sin:

Sprioc Ardleibhéil 1

Tabharfaimid seirbhís ardcháilíochta dár gcliaint, seirbhís atá éifeachtúil, so-inrochtana, agus a tháirgeann cinntí soiléire agus cothroma.

Sprioc Ardleibhéil 2

Oibreoimid leis na comhlachtaí poiblí agus na hinstitiúidí faoinár sainchúram chun tacú leo chun na

caighdeáin is airde a bhaint amach agus a chothabháil ina n-idirghníomhaíochtaí le húsáideoirí aonair seirbhíse.

Sprioc Ardleibhéil 3
Tiomnóimid taithí agus údarás na hOifige do shochaí na státseirbhíse agus, ag obair le chéile leis na hinstiúidí agus comhlachtaí poiblí faoinár sainchúram, féachfaimid lena chinntiú go bhfóntar go cuí do leas an phobail.

Sprioc Ardleibhéil 4
Forbróimid mar eagraíocht barrchleachtais ag oibriú na gcaighdeán is airde i seachadadh ár seirbhísí.

Ag sreabhadh ó na Spriocanna Ardleibhéil tá raon gníomhaíochtaí tacaíochta sainaitheanta, gníomhaíochtaí a chuirfidh leis an mbabhta nua pleananna gnó bliantúla do na trí chomh-Oifig thar thréimhse na Straitéise. Déanfar cuspóirí a sheachadadh trí mheán gníomhaíochtaí ar leibhéal Corparáideach, ar leibhéal Aonaid Gnó agus trí spriocanna agus trí ghníomhaíochtaí comhaontaithe idir bainisteoirí agus gach ball foirne a bheidh leagtha amach i spriocanna agus i gcuspóirí bainistíochta feidhmíochta aonair.

Gníomhaíocht Bainistíochta Eile

Mar thoradh ar chur chun feidhme na Frámaíochta Faisnéise Bainistíochta (FFB) ar fud na státseirbhíse, tá próiseas ar líne i bhfeidhm ag an Oifig chun déileáil le taisteal agus cothú agus le soláthairtí a fháil. Tá próiseáil na n-idirbheart sin ar líne tar éis an líon idirbheart páipéir a laghdú agus tá faighte réidh le dúbailt taifead le gnóthachtálacha éifeachtachta mar thoradh. Tá an córas FFB tar éis ardán a sholáthar freisin le haghaidh uathghiniúint Chuntas Leithghabhála a thabharfaidh coigilteas ar am foirne sa todhchaí.

De réir mholtaí Thuarascáil Mullarkey ar Chuntasacht Oifigeach Cuntasaíochta tá Coiste Iniúchóireachta bunaithe ag m'Oifig faoi Chathaoirleacht sheachtrach. Déanfaidh an Coiste maoirseacht ar nósanna imeachta agus rialuithe airgeadais laistigh den Oifig agus, i measc nithe eile, láidreoidh an tionscnamh seo go mór feidhm iniúchóireachta inmheánaí na hOifige atá á hoibriú go gníomhach ó 1995 i leith.

Cúiteamh d'Íocóirí Cánach - Moltaí a Chur Chun Feidhme

I ndiaidh Thuarascáil Speisialta mo réamhtheachtaí, Caoimhín Ó Murchú, don Oireachtas - ”Cúiteamh d'Íocóirí Cánach” - bhí mar thoradh ar idirghabháil an Chomhchoiste Oireachtais um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí gur cuireadh chun feidhme a chuid moltaí go hiomlán (is féidir sonraí iomlána na moltaí a fháil ar leathanach 36 de Thuarascáil Bhliantúil an Ombudsman do 2002).

Bhí dhá ábhar imní sa scrúdú:

(1) teorainneacha ama ar aisíocaíochtaí cúlghabhálacha cánach a bailíodh go héagórach, agus

(2) cúiteamh i leith caillteanais luacha sa chás go ndéantar aisíocaíochtaí cánach i gcásanna ina raibh na ró-íocaíochtaí cánach mar thoradh ar mhíriaradh.

Tuigim go bhfuil aisíocaíochtaí cánach, chomh maith le híocaíochtaí cúitimh i leith caillteanais cumhachta ceannaigh, déanta ag na Coimsinéirí Ioncaim leis na baintreacha a raibh a ngearáin i gcroílár an imscrúdaithe. Tar éis gur ghlac na Coimsinéirí Ioncaim leis na moltaí ina n-iomláine, ghlac siad raon tionscnamh orthu féin chun a chinntiú go sainaithneofaí aon bhaintreacha eile a raibh dulta i gcion orthu ar an dul céanna. Go nuige seo, tá aisíocaíochtaí cánach déanta i 131 chás, tá íocaíochtaí cúitimh déanta i 185 chás, agus tá 49 gcás bhreise á n-athbhreithniú fós.

Is é beagán os cionn €900,000 an costas iomlán le forfheidhmiú na moltaí go nuige seo. Mheas na Coimsinéirí Ioncaim ag an gcruinniú faisnéise leis an

gComhchoiste Oireachtais go mbeadh an costas féideartha chun na moltaí a chur chun feidhme suas le €3.8 milliún. Bhí braite ar an meastachán sin mar chosaint in aghaidh cur chun feidhme. Nuair a chuimhnítear ar an gcostas i bhfad níos ísle a ghabhann le cur chun feidhme is trua nár ullmhaíodh meastacháin níos réalaíche agus níos cruinne ag céim níos túisce a d'éascódh, b'fhéidir, réiteach níos túisce ar an tsaincheist ina hiomláine.

Tugadh isteach le héifeacht ón 1 Samhain 2003 scéim ghinearálta cúitimh le haghaidh caillteanais luacha i leith aisíocaíochtaí cánacha - moladh a cúig den Tuarascáil Speisialta. Faoin scéim déantar socrú i dtaobh cheart ginearálta aisíoca cánacha agus dleachtanna, chomh maith le híoc úis ar gach aisíocaíocht dá leithéid faoi réir coinníollacha áirithe. Leis an scéim, atá faoi réir socruithe idirthréimhseacha, tugtar isteach teorainn nua, agus níos sriantaí, ceithre bliana chun éilimh a dhéanamh, teorainn a ionadaíonn an teorainn láithreach 10 mbliana.

Déanfaidh na Coimsinéirí Ioncaim ús a íoc ón dáta a íocadh cáin go dáta an aisíoca, i gcásanna ina bhfuil earráid déanta ag na Coimsinéirí Ioncaim i bhfeidhmiú an dlí. I ngach cás eile, lena n-áirítear aisíocaíochtaí réamhchánach, beidh ús iníoctha ón tréimhse dar tús sé mhí i ndiaidh an éilimh bhailí ar aisíoc a bheith déanta, i gcás nach bhfuil an aisíocaíocht déanta ag na Coimsinéirí Ioncaim faoin tráth sin.

Fáiltím roimh fhreagairt na gCoimisinéirí Ioncaim i gcur chun feidhme mholtaí na Tuarascála Speisialta. Tá mé an-sásta an cur chuige solúbtha a fheiceáil atá glactha ag na Coimsinéirí Ioncaim i gcás baintreach áirithe nach mbeadh i dteideal aisíocaíochtaí agus cúitimh ar mhodh eile. Mar a tharlaíonn, níor éiligh an grúpa éilitheoirí seo na haisíocaíochtaí dlite dóibh faoi bhreithiúnas ***Uí Chearúil*** laistigh den fhráma ama riachtanach agus d'fhéadfaí, de réir teoirice, iad a eisiamh ó fheidhmiú mholtaí an Ombudsman. Tá cur chuige pragmatach agus solúbtha glactha ag na Coimsinéirí Ioncaim sna cásanna seo agus tá íocaíochtaí iomlána déanta.

Bhí scrúdú agus imscrúdú na saincheisteanna as ar éirigh ullmhú na Tuarascála Speisialta sa chás seo fada, casta agus fadálach do m'Oifig agus d'Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim araon. Is mór agam - mar ba mhór ag Caoimhín Ó Murchú freisin - go raibh mar thoradh ar réiteach deiridh an cháis gur glacadh agus gur cuireadh chun feidhme na moltaí go léir agus gur dearbhaíodh údarás Oifig an Ombudsman. Táim féin agus é féin an-bhuíoch den ról ríthábhachtach a ghlac an tOireachtas agus, go háirithe, an Comhchoiste um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí.

Feidhmíocht Údaráis Áitiúil ar Phleanáil

Comhfhreagras ó Ionadaithe Poiblí

Tá ról tábhachtach ag m'Oifig maidir le muinín an phobail as an bpróiseas pleanála a chothabháil agus maidir lena chinntiú go gcomhlíontar caighdeáin dea-chleachtais lena riaradh ar leibhéal áitiúil. Mar sin, nuair a dhéantar gearán a thugann le fios go bhféadfadh sé nár dhéileáil údarás áitiúil go cuí le gnó pleanála, déanfar é a scrúdú go mion ag m'Oifig. Sin a tharla nuair a rinneadh gearán maidir le fionnachtain comhfhreagrais ó ionadaí poiblí i gcomhad pleanála nuair a scrúdaigh iarratasóir ar chead pleanála é in oifig phleanála Chomhairle Contae na hIarmhí.

Tháinig an gearánaí, ar diúltaíodh cead pleanála dó, ar litir sa chomhad ó ionadaí poiblí a scríobh chuig an gComhairle mar a leanas: ”Le do thoil, coinnigh ar an eolas mé faoi aon fhorbairtí iomchuí maidir le p.p. uimh. thagartha ...”. Ní raibh aon teagmháil ag an ngearánaí leis an ionadaí poiblí iomchuí agus líomhain sé go raibh an ról a ghlac a chomhfhreagras san iarratas pleanála doiléir, nach raibh aon lorg iniúchóireachta air agus nár láimhsigh an t-údarás áitiúil go cuí é. Bhí dearbhuithe tugtha ag an údarás áitiúil don ghearánaí, agus do m'Oifig, nach raibh an t-iarratas pléite ag foireann an údaráis áitiúil leis an ionadaí poiblí. Chreid an gearánaí, áfach, go raibh an cás pléite aige le hoifigigh an údaráis áitiúil, lena n-áirítear an pleanálaí iomchuí, agus bhí sé cinnte go raibh tionchar aige sin ar an toradh.

I ndiaidh scrúdaithe iomláin, lena n-áirítear agallaimh leis an ngearánaí, le hoifigigh iomchuí an údaráis áitiúil agus leis an ionadaí poiblí, bhí m'Oifig sásta nár ghlac an t-ionadaí poiblí aon ról sa chinneadh cead pleanála a dhiúltú. D'fhéadfadh sé nach raibh sé sin soiléir, áfach, do dhuine den phobal a léifeadh an comhad pleanála. Tá ionadaithe poiblí, gan dabht, i dteideal uiríll a dhéanamh thar ceann daoine den phobal ach ní mór d'údaráis áitiúla a chinntiú, go háirithe i ngnóthaí pleanála, go soláthraíonn a nósanna imeachta chun déileáil le hionadaithe poiblí an trédhearcacht uasta ionas nach mbíonn aon amhras ar an bpobal faoina ról.

Rinne m'fhoireann plé ina dhiaidh sin ar nósanna imeachta leis an mBainisteoir Contae iomchuí a d'aithin go fonnmhar argóint na trédhearcachta agus atá tar éis nósanna imeachta feabhsaithe a thabhairt isteach chun déileáil le hionadaithe poiblí, agus don choinneáil taifead, i ndáil le gnóthaí pleanála. Go pointe áirithe tá ceanglais an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000, a tháinig i bhfeidhm i mí an Mhárta 2002, tar éis soiléireacht níos mó a thabhairt don ghnó sa mhéid nár mhór táille a íoc má bhíothas le déileáil leis na huiríll mar aighneacht i ndáil le hiarratas ar leith. Cé nach bhfuil aon ghearán sainiúil faighte agam i dtaobh an ghnó seo in aghaidh aon údaráis áitiúil eile, thug mé faoi deara ráiteas imní le déanaí i bplé sna meáin ar phleanáil i ndáil le litreacha ó ionadaithe poiblí faoi chásanna pleanála. Tá sé i gceist agam tuilleadh fiosruithe a dhéanamh le húdaráis áitiúla faoin gcaoi a bhfuil siad ag déileáil le litreacha ó ionadaithe poiblí faoi ghnóthaí pleanála.

Cúiteamh i leith Caillteanais Deise chun Agóid/Achomharc a Thaisceadh

Is cúis díomá dom a thabhairt do m'aire, i gcás go bhfuil ceart chun cinneadh pleanála a achomharc leis an mBord Pleanála séanta ar dhuine ag údaráis áitiúla i ngeall ar earráid dá gcuid féin, nach dtugann siad go leor airde ar chúiteamh ar a n-earráidí a sholáthar. Taobh amuigh de thrua a léiriú, dealraíonn sé go measann siad nach bhfuil gá le haon ní eile a dhéanamh agus, tríd is tríd, ní ofrálann siad aon chúiteamh substainteach, as a gconlán féin. Le cuid mhaith blianta tá tuairisc tugtha ag an Oifig ar chásanna inar mhol an tOmbudsman cúiteamh airgid agus inar íocadh sin. Glacaim an tuairim freisin, i gcás go séantar ceart reachtúil trí earráid de chuid an údaráis áitiúil, gurb ionann an earráid sin agus míriaradh agus gur ceart gur eisceacht seachas riail é gan cúiteamh a íoc. Bíonn na méideanna i gceist réasúnta beag, méideanna nach mór ná €1,000 de ghnáth, agus ba mhaith liom a fheiceáil go gcuirfeadh údaráis áitiúla tús le cúiteamh a thairiscint in áit feitheamh go dtí go spreagann m'Oifig iad.

Rochtain ar Chomhaid Phleanála

Leanann m'Oifig de ghearáin a fháil nach mbíonn comhaid phleanála ar fáil i gcónaí nuair is mian le duine den phobal iad a amharc nó, nach mbíonn na páipéir ar comhad i gcónaí, má theastaíonn cóip de dhoiciméad ó chomhad pleanála ó dhuine, go ngearrtar táille iomarcach orthu, i gcomparáid leis na táillí le haghaidh doiciméad faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Mar a tharlaíonn, tá m'Oifig ag féachaint ar tháillí iomarcacha le tamall maith anois agus tá scríofa aici faoin ngnó chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Saincheisteanna Forfheidhmithe

Tá dlínse agam freisin sa réimse forfheidhmithe pleanála. Ciallaíonn sé sin, i gcás go dteipeann ar údarás áitiúil beart cuí a dhéanamh i ndáil le gearán a dhéantar leis nach bhfuil forbraíocht shainiúil curtha i gcrích de réir an cheada a deonaíodh, gur féidir liom é sin a scrúdú. Bhain 27% de na gearáin go léir a rinneadh le m'Oifig anuraidh le gearáin faoi ghnóthaí pleanála agus bhain formhór na gcásanna sin le forfheidhmiú pleanála.

Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, tá sainghníomhartha leagtha síos atá le déanamh ag údaráis áitiúla mar fhreagairt ar shárú pleanála agus tá sé i gceist ag m'Oifig leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar an gceist an bhfuil úsáid chuí agus iomlán á húsáid as an Acht d'fhonn comhlíonadh a

chinntiú. Sna gearáin a rinneadh le m'Oifig anuraidh tá tugtha le fios go bhfuil feabhsú éigin ar fheidhmíocht údaráis áitiúil i ndáil le forfheidhmiú, tríd is tríd, ach tá sé róluath le measúnacht chruinn a dhéanamh bunaithe ar fheidhmíocht thar thréimhse nach mó ná dhá bhliain ó thabhairt isteach an Achta.

Tá dearcadh poiblí ann go bhfuil forfheidhmiú pleanála, mar a luadh sna meáin le déanaí, "ina ghné den réimse pleanála nach dtugtar mórán airde uirthi le fíorbheagán údarás áitiúil sásta na hacmhainní a leithdháileadh a theastaíonn chun forbraíocht neamhúdaraithe a shrianadh ...". Tá fianaise agam a thugann le fios cé go bhféadfadh sé go bhfuil údaráis áitiúla ag féachaint le spiorad an Achta nua um Pleanáil agus Forbairt a chomhlíonadh, tá roinnt díobh ag tabhairt aird neamhleor ar fhuarlitir na bhforálacha ann.

Cumasaíonn an reachtaíocht reatha d'údaráis áitiúla ról níos réamhghníomhaí a ghlacadh, má tá siad toilteanach déanamh amhlaidh, chun a chinntiú, a mhéid is féidir, agus gan ghá le dul chun na gcúirteanna, go gcloíonn gach duine cibé acu forbróir mórscála nó mionscála é/í leis an gcód pleanála. Faoin Acht tugtar raon cumhachtaí d'údarás áitiúil is féidir a úsáid chun comhlíonadh a thabhairt i gcrích gan dul i muinín na gcúirteanna agus, le linn gearáin a scrúdú, is é an polasaí a bheidh agam ná a bhreithniú an bhfuil an t-údarás áitiúil tar éis na cumhachtaí a úsáid go hiomlán. Thairis sin, ní leor a insint do m'Oifig nach bhfuil beart á dhéanamh mar gurb é tuairim an údaráis áitiúil é nach mbuafadh sé i gcúirt. Beidh ar an údarás áitiúil mé a shásamh go raibh cúis mhaith aige gan beart a dhéanamh in aon chás ar leith. Tá roinnt céimeanna ann is féidir a ghlacadh sula dtagann caingean cúirte i gceist agus, i ngach cás gearáin liom, beidh mé ag féachaint lena chinntiú go bhfuil forálacha na reachtaíochta á n-úsáid go cuí agus go héifeachtach.

Ábhar mór leasa phoiblí í an phleanáil mar is léir ó ghearáin próiseáilte ag m'Oifig thar na blianta, le méadú ó 64 ghearán i 1993 go 185 ghearán i 2003. Laistigh de theorainneacha mo dhlínse, tá sé i gceist agam a chinntiú, i gcomhthéacs gearán a dhéantar liom, go mbeidh m'Oifig réamhghníomhach maidir le muinín an phobail as an gcóras pleanála a chosaint.

Sainchúram an Ombudsman

Tá roinnt píosaí nua reachtaíochta ann a rachaidh i gcion ar ualach oibre agus ar shainchúram m'Oifige. Is mór agam a thabhairt faoi deara go bhfuil tiomantas tugtha ag an rialtas i leith an Bille Ombudsman (Leasú) a fhoilsiú go déanach i 2004 agus tá súil agam go ndéanfar é a achtú go pras. I measc nithe eile déanfar sa Bhille seo socrú i dtaobh fairsingiú mór ar an raon comhlachtaí poiblí a thiocfaidh faoi mo shainchúram.

Forchuireann Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, oibleagáidí reachtúla nua ar líon mór comhlachtaí poiblí maidir le caighdeán níos airde seirbhíse a chur ar fáil trí Ghaeilge. Cé go bhfuil Coimisinéir, Séan Ó Cuirreáin ceaptha le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta agus le himscrúdú a dhéanamh ar ghearáin faoi theip chun oibleagáidí faoin Acht a chomhlíonadh beidh an cumhacht agam i gcónaí imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a bhaineann le gníomhartha riaracháin na gcomhlachtaí poiblí faoi mo shainchúram i ndáil le cúrsaí Gaeilge. Táim ag súil le méadú ar an líon gearán sa réimse seo ag éirí as an Acht nua.

Tugann an Bille Míchumais beartaithe ról don Ombudsman chun scrúdú a dhéanamh ar ghearáin i ndáil le neamhchomhlíonadh pleananna earnálacha atá le dréachtú chun a thaispeáint conas a chomhlíonfaidh comhlachtaí poiblí a gcuid oibleagáidí maidir le seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas. Tá an dóchúlacht ann go mbeidh tionchar mór aige seo ar ualach oibre m'Oifige agus, sa mhéid go mbaineann sé le mo ról faoin mBille Míchumais, fairsingeoidh sé go mór an líon comhlachtaí a bheidh faoi mo shainchúram.

Leis an Acht um Ombudsman do Leanaí leasaíodh Alt 5 den Acht Ombudsman, 1980, chun scrúdú ar ghearán ag an Ombudsman a eisiamh i gcás go bhfuil an gnó cuí don Ombudsman do Leanaí. Folóidh feidhmeanna an Ombudsman do Leanaí imscrúdú ar ghearáin i gcás

go bhfuil tionchar díobhálach imeartha ar leanbh ag gníomh a d'fhéadfadh a thuairisciú mar mhíriaradh. Beidh m'Oifig ag déanamh idirchaidrimh leis an Ombudsman do Leanaí, Ms Emily Logan, chun déileáil le haon saincheisteanna dlínse a d'fhéadfadh teacht chun solais mar thoradh ar an reachtaíocht.

Comhlachtaí Poiblí agus Rochtain ar Fhaisnéis

Le linn an scrúdaithe ar chás forfheidhmithe pleanála in aghaidh Chomhairle Contae Lú, atá ar siúl i gcónaí, thiomsaigh an Chomhairle tuarascáil ar a cuid imscrúduithe ar líomhaintí i leith truaillithe comhshaoil agus diúscartha dramhaíola mídhleathaí. Nuair a lorg an gearánaí cóip den tuarascáil scríobh an Chomhairle chuici agus chuir in iúl di go mbeadh uirthi iarraidh Saorála Faisnéise a chur isteach. Ní fhaca mé aon chúis bhailí nach bhféadfaí an doiciméad a thabhairt don ghearánaí lasmuigh de raon an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997, agus ní raibh aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go raibh breithniú déanta ag an gComhairle ar an rogha sin. Nuair a chuir m'fhoireann mo chúis imní in iúl don Chomhairle scaoileadh an doiciméad, saor in aisce, don ghearánaí.

Tuigim freisin, ó fhreagra a thug an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí sa Dáil i mí na Samhna 2003 go raibh polasaí ag a Roinn gan cúiseanna le diúltú deimhnithe éadóirseachta do phearsa aonair a nochtadh. Cuireadh in iúl d'iarratasóirí neamhrathúla cur isteach ar rochtain ar a dtaifid trí mheán iarrata Saorála Faisnéise. Thug freagra an Aire le fios go raibh éirithe as an bpolasaí sin agus go dtugtar cúiseanna le diúltuithe de ghnáth anois.

Mar Ombudsman creidim go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach gur ceart go ndéileálfadh comhlachtaí poiblí go hoscailte le daoine trí fhaisnéis atá ar fáil dóibh a nochtadh don phobal leis an íosmhéid sriantachtaí agus ar bhealach pras, mura bhfuil foras reachtúil bailí nó forais eile ann chun an fhaisnéis a shrianadh nó a dhiúltú. Bheinn an-bhuartha dá dtiocfadh patrún chun cinn nach raibh comhlachtaí poiblí chomh hoscailte trína iarraidh ar dhaoine den phobal úsáid a bhaint as iarrataí Saorála Faisnéise chun faisnéis a fháil is ceart a bheith ar fáil gan dul i muinín an Achta um Shaoráil Faisnéise. Gabhann tábhacht níos mó leis seo sa mhéid gur cumasaíodh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003, táillí a thabhairt isteach le haghaidh faisnéise neamhphearsanta arna hiarraidh faoin Acht.

Beidh mé ag faire amach go mór chun a chinntiú go dtugtar don phobal rochtain iomlán agus phras ar fhaisnéis dá bhfuil siad i dteideal sa ghnáthshlí gan iallach a chur orthu dul i muinín ghnáis an Achta um Shaoráil Faisnéise. Déanfaidh mé aon bheart riachtanach in aghaidh comhlachtaí poiblí faoi mo shainchúram nach n-urramaíonn an teidlíocht sin. Tuairisceoidh mé freisin ar aon chásanna comhchosúla a dtagaim orthu i dtuarascálacha bliantúla amach anseo.

An tOmbudsman agus Pribhléid Ghairmiúil Dhlíthiúil

Faoin Acht Ombudsman, 1980, tugtar an cumhacht dom an fhaisnéis go léir a fheiceáil a measaim í a bheith bainteach le hábhar le linn cás a scrúdú. Mar shampla, foráiltear go sainiúil faoin Acht nach féidir le Ranna pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil a éileamh d'fhonn rochtain ar a gcomhairle dhlíthiúil a shéanadh orm. Feictear dom go bhféadfadh sé go bhfuil mearbhall éigin i dtaobh an phointe seo i roinnt Rann.

Le linn na bliana d'iarr mé cóip de chomhairle dhlíthiúil a fuair an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha i ndáil le gearán a rinneadh in aghaidh na Roinne sin. Dhiúltaigh an Roinn i dtosach báire an chomhairle sin a sholáthar ar an mbonn go raibh tugtha le fios ag an gcomhairleoir dlí go raibh sí i dteideal m'iarraidh a dhiúltú. D'éiligh an comhairleoir dlí, ainneoin théarmaí an Achta Ombudsman, 1980, go raibh an chomhairle dhlíthiúil sin faoi réir pribhléide dlíthiúla. Sa chás seo, cuireadh an chomhairle ar fáil do

m'Oifig ar deireadh ach sin ar an mbonn go raibh comhairle roimhe ar an ngearán ar leith soláthairte cheana féin. Bhí an Roinn mar sin féin den tuairim nár fasach é, díreach toisc gur sholáthair siad an chomhairle an turas sin.

Measaim go bhfuil sé an-tábhachtach go gcuirtear i gcuimhne na Rann go bhfuil téarmaí an Achta Ombudsman, 1980, réasúnta sainiúil agus glan soiléir nuair a luaitear:

> *"Aon oibleagáid rúndacht a choimeád nó aon srian eile ar eolas a nochtadh a fuair Roinn Stáit nó státseirbhíseach a fhorchuirtear leis an Acht um Rúin Oifigiúla, 1963, ní bhainfidh sin le scrúdú ná le himscrúdú ag an Ombudsman faoin Acht seo, [agus] ní bheidh ag an Stát, i ndáil le haon scrúdú nó imscrúdú den sórt sin, teideal chun aon phribhléide i leith doiciméid a thabhairt ar aird nó fianaise a thabhairt den sórt a cheadaítear le dlí in imeachtai dlí."*

Faoi Alt 7(1)(a) den Acht foráiltear freisin:

> *"Féadfaidh an tOmbudsman, chun críocha réamhscrúdaithe nó imscrúdaithe aige faoin Acht seo, a cheangal ar aon phearsa a bhfuil, i dtuairim an Ombudsman, eolas ina sheilbh aige, nó a bhfuil doiciméad nó ní faoina chumhacht nó faoina rialú, a bhaineann leis an scrúdú nó leis an imscrúdú an t-eolas, an doiciméad nó an ní sin a thabhairt don Ombudsman agus, i gcás ar iomchuí sin, a cheangal ar an bpearsa láithriú os a chomhair chun na críche sin agus déanfaidh an phearsa de réir na gceanglas."*

Sa chás sainiúil seo is ábhar imní dom é nár aithin an Roinn agus a comhairleoir dlí go dtugann forálacha an Achta Ombudsman dom an ceart soiléir chun comhairle dhlíthiúil a lorg chun gur féidir liom scrúdú iomlán a dhéanamh ar ghearán.

Cúiteamh i leith Caillteanais Cumhachta Ceannaigh do Phinsinéirí i Scéimeanna Aoisliúntais

Faoin Acht Ombudsman, 1980, cuirtear ó chumas orm imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a bhaineann le téarmaí nó coinníollacha fostaíochta, nó a dtéann i gcion ar na téarmaí nó coinníollacha sin, lena n-áirítear iad sin faoina bhfuil sochair aoisliúntais iníoctha. Nuair nach mbaineann croí an ghearáin leis na téarmaí nó coinníollacha sin, áfach, ach in áit sin go mbaineann sé le riaradh scéime e.g. diúltú comhlachta phoiblí maidir le tionchar díobhálach dearmaid riaracháin a mhaolú, bíonn feidhm ag mo dhlínse sa ghnáthshlí.

Fuair mé gearáin ó thriúr pinsinéirí a bhí ina bhfostaithe boird sláinte nó a raibh a gcéilí ina bhfostaithe. Ghearán siad go ndearnadh na pinsin nó na cnapshuimeanna a fuair siad ar scor dóibh roinnt blianta roimhe a ríomh go míchruinn. D'aithin na Boird i gceist ina dhiaidh sin na hearráidí a rinneadh, agus d'athraigh siad na híocaíochtaí pinsin agus cnapshuime go dtí an leibhéal ceart. Bhí íocaíocht cnapshuim faighte ag gach duine chun riaráiste iomchuí a chlúdach. Dhiúltaigh na Boird, áfach, cúiteamh a íoc i leith an chaillteanais cumhachta ceannaigh sna hidirthréimhsí. Níor mheas siad go raibh údarás acu cúiteamh dá leithéid a íoc faoin reachtaíocht aoisliúntais iomchuí.

Bhraith mé go raibh sé éagóir pionós a ghearradh ar na pinsinéirí i ngeall ar earráidí a rinne na Boird. Bhraith mé freisin go raibh na cinntí gan na cineálacha seo cásanna a chúiteamh ag teacht salach ar riaradh cóir agus slán. Shaothraigh mé an tsaincheist seo leis an Roinn Sláinte agus Leanaí. De réir phrionsabal an chúitimh mar a cuireadh in iúl ag mo réamhtheachtaí agus ar mhaithe le dea-chleachtas riaracháin, chuir an Roinn scéim i bhfeidhm a lamhálfadh do bhoird sláinte íocaíochtaí cúiteacha a dhéanamh le tagairt don Treoiruimhir Praghsanna do Thomhaltóirí, ar bhonn *ex gratia*, i gcás go bhfuil moill curtha ar aisíocaíochtaí nó íocaíochtaí sochar nó go bhfuil siad siartharraingthe thar thréimhse fhairsing ama mar thoradh ar earráid, ar mhíchiall, ar dhearmad nó ar ghníomh comhchosúil eile, le linn scéimeanna aoisliúntais a oibriú.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun gníomhartha na Roinne a admháil agus a mholadh maidir leis sin. Is mór agam a thabhairt d'aire go bhfuair an triúr pinsinéirí cúiteamh de réir threoirlínte na Roinne a eisíodh chuig gach bord sláinte i mí na Nollag 2003.

Rochtain agus Feasacht Phoiblí

Le linn na bliana lean m'Oifig den obair thábhachtach maidir lenár seirbhísí a thabhairt chuig limistéir áitiúla ar fud na tíre agus i mBaile átha Cliath d'fhonn rochtain agus feasacht i measc an phobail i gcoitinne a mhéadú. Thug m'fhoireann cuairteanna míosúla ar roinnt Ionad Eolais do Shaoránaigh (IESanna) agus tugadh cuairteanna réigiúnacha lae ar dhá shuíomh.

Is iad Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus an Chúlóg na IESanna ar tugadh cuairt orthu i 2003. Fuarthas 263 ghearán nua san iomlán le linn na gcuairteanna sin, a raibh 182 díobh bailí agus 81 (31%) díobh neamhbhailí. Arís eile táimid faoi chomaoin na IESanna as a dtacaíocht chun an tseirbhís seo a thabhairt.

Thug baill foirne ó m'Oifig cuairteanna lae ar Ghaillimh agus ar Phort Láirge freisin. Fuarthas 135 ghearán nua san iomlán mar thoradh ar na cuairteanna sin, a raibh 113 díobh bailí agus 22 (16%) díobh neamhbhailí. Is é a bhí in iomlán na ngearán bailí nua a fuarthas mar thoradh ar na cuairteanna míosúla agus lae ná 295 ghearán. Tá sonraí faoi chlár cuairteanna 2004 le fáil ó láithreán gréasáin m'Oifige ag www.ombudsman.ie

Cuairteoirí ar m'Oifig

I mBealtaine bhuail mo réamhtheachtaí le hOmbudsman nuacheaptha na bPinsean, an tUasal Paul Kenny.

Le linn na bliana fuair m'Oifig cuairteanna ó dhá ghrúpa éagsúla ó Uganda. Is é an cuspóir a bhí leis na cuairteanna ná faisnéisiú a fháil ar obair na hOifige agus ar na cumhachtaí reachtúla atá agam chun gearáin a réiteach. Bhí an chéad chuairt ann i mí an Mheithimh agus áiríodh uirthi toscaireacht ó Stiúrthóireacht Uganda um Eitic agus Macántacht, Foireann Chigireachta an Rialtais agus Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. I mí Mheán Fómhair thug toscaireacht Pharlaimint Uganda cuairt ar an Oifig, a raibh an Rt. Hon. Edward Kiwanuka Ssekandi, Feisire Parlaiminte, Ceann Comhairle Pharlaimint Uganda.

I mí Aibreáin 2003 ceapadh iar-Ombudsman na Gréige, P. Nikiforos Diamandouros, mar Ombudsman na hEorpa agus ba mhór agam bualadh leis i mí Iúil chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna comhleasa. Táim ag súil leis an gcomhoibriú torthúil idir ár dhá n-oifig.

I mí Dheireadh Fómhair 2003, thug Ms Alice Brown, Ombudsman Sheirbhísí Poiblí na hAlban, agus Ms Judie Sadler, ball sinsearach dá foireann, cuairt ar an Oifig. Tionóladh caibidlí i ndáil le saincheisteanna pleanála agus freisin i ndáil le próisis agus nósanna imeachta m'Oifige sa réimse láimhsithe gearán. Thug siad cuairt freisin ar an mBord Pleanála agus ba mhaith liom cúnamh fhoireann an Bhoird Pleanála a aithint as Ombudsman Sheirbhísí Poiblí na hAlban a éascú, go háirithe, Ms Berna Grist, Comhalta den Bhord a thug faisnéis di, ar gearrfhógra, ar chóras pleanála na hÉireann.

Fógraí arna n-eisiúint faoi Alt 7 den Acht Ombudsman, 1980

Nuair a bhíonn moill shuntasach ar thaobh comhlachta phoiblí freagairt do m'Oifig le linn di scrúdú a dhéanamh ar ghearán eisítear fógra reachtúil faoi Alt 7 ina lorgaítear an fhaisnéis riachtanach. Rinneadh miondealú ar an líon fógraí arna n-eisiúint a fhoilsiú den chéad uair i dTuarascáil Bhliantúil m'Oifige do 1998. Sa bhliain sin eisíodh 45 fhógra san iomlán. I 1999 laghdaíodh an líon sin go 27 bhfógra agus i 2002 laghdaíodh arís é go 14 fhógra. Bhí méadú go 19 bhfógra i 2001 agus eisíodh 16 fhógra san iomlán i 2002.

Comhlacht	Líon Fógraí arna nEisiúint faoi Alt 7
An Státseirbhís	
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	3
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	1
Clár na gCara-Chumann	1
Údaráis Áitiúla	
Comhairle Contae Dhún na nGall	1
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	1
Comhairle Contae na Gaillimhe	1
Comhairle Contae Laoise	1
Comhairle Contae Mhaigh Eo	1
Comhairle Baile an Náis	1
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	1
Iomlán	**12**

Is mór agam a thabhairt d'aire go bhfuil an líon fógraí arna n-eisiúint faoi Alt 7 i 2003 ar an líon is ísle a taifeadadh i m'Oifig ó tosaíodh ar na figiúirí a fhoilsiú. Is ábhar díomá a fheiceáil, áfach, go bhfuil an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar bharr an liosta don cheathrú bliain as a chéile agus gur eisíodh breis is leath na bhfógraí chuig údaráis áitiúla.

5

Staitisticí

5 Staitisticí

1. Forbhreathnú ar ghearáin 2003

Gearáin	Líon
Faighte i 2003	3075
Lasmuigh den dlínse	862
Iomlán laistigh den dlínse	2213
Tugtha anonn ó 2002	960
Iomlán ar láimh do 2003	3173
Tugtha chun críche i 2003	**2359**
Tugtha anonn go 2004	814
Fiosruithe	9496

2. Treocht de na Gearáin Bhailí a fuarthas le 10 mbliana anuas

Gearáin	Líon
1994	2489
1995	2250
1996	2536
1997	3126
1998	2876
1999	2685
2000	2136
2001	2539
2002	2526
2003	2213



3. Anailís ar na Gearáin Bhailí a fuarthas i 2003

Státseirbhís	1014
Údaráis Áitiúla	739
Boird Sláinte	363
An Post	97
Iomlán	**2213**



4. Comparáid Trí Bliana - Gearáin Bhailí a fuarthas



5. Státseirbhís - Gearáin Bhailí a fuarthas i 2003

	Tugtha anonn ó 2002	Faighte i 2003	Ar láimh do 2003
Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	67	377	444
Talmhaíocht agus Bia	116	208	324
Oideachas agus Eolaíocht	73	75	148
Na Coimisinéirí Ioncaim	41	114	155
Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil	5	46	51
Sláinte agus Leanaí	9	33	42
Clárlann na Talún	0	12	12
Cumarsáid, Muir agus Acmhainní Nádúrtha	20	13	33
Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí	12	40	52
Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht	0	6	6
Oifig na nOibreacha Poiblí	3	4	7
Eile	38	86	124
Iomlán	**384**	**1014**	**1398**

6. Údaráis Áitiúla - Gearáin Bhailí a fuarthas i 2003

	Tugtha anonn ó 2002	Faighte i 2003	Ar láimh do 2003
An Cabhán	0	8	8
An Clár	21	19	40
An Iarmhí	3	10	13
An Longfort	4	2	6
An Mhí	11	20	31
Baile Átha Cliath Theas	12	19	31
Ceatharlach	3	14	17
Ciarraí	8	23	31
Cill Chainnigh	6	21	27
Cill Dara	27	22	49
Cill Mhantáin	14	37	51
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath*	28	57	85
Comhairle Cathrach Chorcaí*	13	30	43
Comhairle Cathrach Luimnigh*	8	17	25
Comhairle Cathrach na Gaillimhe*	10	38	48
Comhairle Cathrach Phort Láirge*	4	18	22
Contae Chorcaí*	16	54	70
Contae Luimnigh*	5	14	19
Contae na Gaillimhe*	20	56	76
Contae Phort Láirge*	5	17	22
Dun Laoghaire - Ráth an Dúin	11	38	49
Dun na nGall	7	22	29
Fine Gall	8	19	27
Laois	8	19	27
Liatroim	2	4	6
Loch Garman	10	22	32
Lú	7	16	23
Maigh Eo	34	31	65
Muineachán	2	6	8
Ros Comáin	7	10	17
Sligeach	11	8	19
Tiobraid Árann Theas	6	24	30
Tiobraid Árann Thuaidh	5	13	18
Uíbh Fhailí	5	11	16
Iomlán	**341**	**739**	**1080**

Tá gearáin a fuarthas in aghaidh Comhairlí Buirge agus Comhairlí Baile úirithe sna figiúirí Contae.

* Tugadh cuairteanna miosúla IES nó cuairteanna aon-lá don chontae seo le linn 2003 agus d'fhéadfadh gur chuir sé seo le líon na ngearán a fritheadh.

7. Boird Sláinte - Gearáin Bhailí a fuarthas i 2003

	Tugtha anonn ó 2002	Faighte i 2003	Ar láimh do 2003
Bord Sláinte an Lár-Réigiúin	5	20	25
Bord Sláinte an Iarthair Láir	29	31	60
Bord Sláinte an Oirthuaiscirt	11	21	32
Bord Sláinte an Iarthuaiscirt	8	12	20
Bord Sláinte an Oirdheiscirt	22	37	59
Bord Sláinte an Deiscirt	22	35	57
Bord Sláinte an Iarthair	33	31	64
Bord Sláinte Limistéar an Tuaiscirt	25	59	84
Bord Sláinte Limistéar Chósta an Oirthir	11	48	59
Bord Sláinte Limistéar an Iardheiscirt	26	63	89
Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir	2	6	8
Iomlán	**194**	**363**	**557**

8. An Post - Gearáin Bhailí a fuarthas i 2003

	Tugtha anonn ó 2002	Faighte i 2003	Ar láimh do 2003
An Post	41	97	138
Iomlán	**41**	**97**	**138**

9. An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh - Miondealú de réir na bPríomhearnálacha Gearáin a fuarthas i 2003

Pinsin Seanaoise & Scoir	82
Íocaíochtaí Míchumais, Easláine agus Máithreachais	54
Íocaíochtaí Dífhostaíochta	50
Íocaíochtaí Baintrí agus Teaghlaigh Aontuismitheora	38
Liúntas um Fhilleadh ar an Obair/Oideachas	23
Liúntas Cúramóra	22
Scéimeanna Liúntais Breosla agus Breosla Shaoir	17
Ní bhfuarthas freagra ar chomhfhreagras	14
ASPC	11
Sochar Gortaithe Ceirde	11
Sochar Linbh	7
Fordheontas Ioncaim Teaghlaigh	1
Ilghnéitheach	47
Iomlán	**377**



10. An Roinn Talmhaíochta agus Bia - Miondealú de réir na bPríomhearnálacha Gearáin a fuarthas i 2003

Scéim Cosanta Timpeallachta Tuaithe (SCTT)	52
Deontais Bheostoic	50
Cuóta Bainne	29
Deontais Fhorbartha Feirme	21
Scéim Luath-Scoir	17
Scéim Díothaithe Galair	9
Cúnamh Ceantair	9
Ní bhfuarthas freagra ar chomhfhreagras	4
Coimisiún na Talún	1
Ilghnéitheach	16
Iomlán	**208**



11. An Roinn Oideachais agus Eolaíochta - Miondealú de réir na bPríomhearnálacha Gearáin a fuarthas i 2003

Deontais & Táillí Ardoideachais	14
Oideachas Speisialta	10
Iompar Scoile	9
Moill/Níor freagraíodh	7
Scrúduithe	1
Ilghnéitheach	34
Iomlán	**75**



12. Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim - Miondealú de réir na bPríomhearnálacha Gearáin a fuarthas i 2003

Cáin Ioncaim	76
CBL/Cáin Oidhreachta/Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla	14
Custam agus Mál	3
Dleacht Stampa	3
Ilghnéitheach	18
Iomlán	**114**



13. An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil - Miondealú de réir na bPríomhearnálacha Gearáin a fuarthas i 2003

Iasachtaí agus Deontais Tithíochta	26
Ní bhfuarthas freagra ar chomhfhreagras	6
Mótarcháin/Ceadánas Tiomána/Tástáil Tiomána	1
Ilghnéitheach	13
Iomlán	**46**



14. An Roinn Sláinte agus Leanaí - Miondealú de réir na bPríomhearnálacha Gearáin a fuarthas i 2003

Scéim um Íoc Drugaí	9
Oifig an Phríomh-Chláraitheora	8
Ní bhfuarthas freagra ar chomhfhreagras	7
Ilghnéitheach	9
Iomlán	**33**



15. Údaráis Áitiúla - Miondealú de réir na bPríomhearnálacha Gearáin a fuarthas i 2003

Tithíocht			257
	Leithdháiltí & Aistrithe	*125*	
	Iasachtaí & Deontais	*56*	
	Deisiúcháin	*39*	
	Díolacháin	*24*	
	Cíosanna	*13*	
Pleanáil			201
	Forfheidhmiú	*130*	
	Riarachán	*71*	
Moill/Níor freagraíodh			72
Bóithre agus Trácht			59
Diúscairt Dramhaíola			20
Táillí Seirbhíse			19
Soláthar Uisce			18
Mótarcháin & Ceadúnas Tiomána			11
Séarachas agus Draenáil			6
Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol			4
Rátaí			3
Fáil talún/ceart			3
Páirceanna/Spás Oscailte			3
Ilghnéitheach			63
Iomlán			**739**

16. Boird Sláinte - Miondealú de réir na bPríomhearnálacha Gearáin a fuarthas i 2003

Liúntas Leasa Fhorlíontaigh (LLF)			94
	Íocaíocht Riachtanas Eisceachtáil	*42*	
	Liúntais Chíosa agus Mhorgáiste	*26*	
	Liúntas um Fhilleadh ar an Scoil - Éadach/Coisbheart	*11*	
	Ilghnéitheach	*15*	
Seirbhísí Sláinte (Ginearálta)			55
	Cárta Míochaine	*53*	
	Drugaí, Cógais agus Fearais	*2*	
Seirbhísí Ospidéil			57
	Tithe Altranais/Fadchónaí	*48*	
	Ilghnéitheach	*9*	
Moill/Níor freagraíodh			30
Íocaíochtaí Airgid (nach LLF)			17
Seirbhís Sláinte Déadaí			9
Seirbhísí Cúraim Leanaí/Oibre Sóisialta			9
Táillí Ospidéil			7
Seirbhísí do Scothaosaigh - Cúnamh Tithíochta			5
Ilghnéitheach			80
Iomlán			**363**

17. Gearáin Bhailí a fuarthas de réir Contae i 2003

An Cabhán	25
An Clár	67
An Iarmhí	44
An Longfort	17
An Mhí	58
Baile Átha Cliath	515
Ceatharlach	32
Ciarraí	84
Cill Chainnigh	53
Cill Dara	58
Cill Mhantáin	79
Corcaigh	252
Dún na nGall	72
Gaillimh	186
Laois	42
Liatroim	9
Loch Garman	54
Lú	41
Luimneach	101
Maigh Eo	80
Muineachán	22
Port Láirge	82
Ros Comáin	30
Sligeach	21
Tiobraid Árann	94
Uíbh Fhailí	30
Lasmuigh den Phoblacht	65
Iomlán	**2213**

18. Anailís ar Ghearáin a tugadh chun críche i 2003

Gearáin réitithe	383
Réitithe i bpáirt	43
Cúnamh curtha ar fáil	543
Níor seasadh leo	816
Éiríodh astu	554
Tarraingíodh siar	20
Iomlán	**2359**



19. Státseirbhís - Gearáin a tugadh chun críche i 2003

	Réitithe	Réitithe i bpáirt	Cúnamh curtha ar fáil	Éiriodh astu	Tarraingíodh siar	Níor seasadh	Iomlán tugtha chun crích
Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	16	1	65	130	3	136	351
Talmhaíocht agus Bia	14	1	14	41	3	155	228
Oideachas agus Eolaíocht	18	4	11	22	1	35	91
Na Coimisinéirí Ioncaim	27	1	39	18	0	39	124
Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil	1	0	2	11	0	16	30
Sláinte agus Leanaí	15	0	9	2	0	7	33
Clárlann na Talún	5	1	3	2	0	0	11
Cumarsáid, Muir agus Acmhainní Nádúrtha	1	1	4	3	0	8	17
Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí	7	0	16	10	0	6	39
Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht	1	0	1	0	0	0	2
Oifig na nOibreacha Poiblí	0	0	0	0	0	4	4
Eile	17	4	25	17	0	34	97
Iomlán	**122**	**13**	**189**	**256**	**7**	**440**	**1027**

20. Údaráis Áitiúla - Gearáin a tugadh chun críche i 2003

	Réitithe	Réitithe i bpáirt	Cúnamh curtha ar fáil	Éiriodh astu	Tarraingíodh siar	Níor seasadh	Iomlán tugtha chun crích
An Cabhán	0	1	2	4	0	0	7
An Clár	8	2	12	6	1	7	36
An Iarmhí	4	0	2	1	0	4	11
An Longfort	1	0	2	0	0	2	5
An Mhí	5	1	7	2	0	6	21
Baile Átha Cliath Theas	7	0	3	4	1	5	20
Ceatharlach	2	2	4	0	1	5	14
Ciarraí	9	0	8	4	0	2	23
Cill Chainnigh	1	0	6	5	0	5	17
Cill Dara	8	0	15	3	0	1	27
Cill Mhantáin	8	3	8	10	1	5	35
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	11	0	14	21	1	19	66
Comhairle Cathrach Chorcaí	8	1	13	8	1	4	35
Comhairle Cathrach Luimnigh	3	0	5	3	0	6	17
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	9	1	11	9	1	6	37
Comhairle Cathrach Phort Láirge	2	0	4	3	0	1	10
Contae Chorcaí	13	1	13	13	0	9	49
Contae Luimnigh	4	1	5	2	0	3	15
Contae na Gaillimhe	11	3	20	18	0	6	58
Contae Phort Láirge	1	0	2	2	0	2	7
Dún Laoghaire - Ráth an Dúin	7	0	16	10	0	3	36
Dún na nGall	8	1	5	0	0	5	19
Fine Gall	2	0	7	2	0	9	20
Laois	2	2	10	2	0	2	18
Liatroim	0	0	2	0	0	3	5
Loch Garman	6	1	3	8	0	4	22
Lú	4	0	6	3	0	4	17
Maigh Eo	13	0	17	5	0	7	42
Muineachán	1	0	0	2	0	0	3
Ros Comáin	4	0	2	3	1	4	14
Sligeach	4	1	3	2	0	7	17
Tiobraid Árann Theas	8	2	4	4	1	2	21
Tiobraid Árann Thuaidh	2	0	4	3	0	1	10
Uíbh Fhailí	4	0	5	3	0	2	14
Iomlán	**180**	**23**	**240**	**165**	**9**	**151**	**768**

Tá gearáin a fuarthas in aghaidh Comhairlí Buirge agus Comhairlí Baile áirithe sna figiúirí Contae.

21. Boird Sláinte - Gearáin a tugadh chun críche i 2003

	Réitithe	Réitithe i bpáirt	Cúnamh curtha ar fáil	Éiriodh astu	Tarraingíodh siar	Níor seasadh	Iomlán tugtha chun crích
Bord Sláinte an Lár-Réigiúin	2	0	5	9	0	4	20
Bord Sláinte an Iarthair Láir	2	0	11	12	0	17	42
Bord Sláinte an Oirthuaiscirt	2	0	3	6	1	16	28
Bord Sláinte an Iarthuaiscirt	5	0	3	4	0	5	17
Bord Sláinte an Oirdheiscirt	4	0	13	14	0	13	44
Bord Sláinte an Deiscirt	4	1	9	14	1	23	52
Bord Sláinte an Iarthair	3	1	12	8	0	28	52
Bord Sláinte Limistéar an Tuaiscirt	8	0	8	14	1	38	69
Bord Sláinte Limistéar Chósta an Oirthir	3	0	10	14	0	14	41
Bord Sláinte Limistéar an Iardheiscirt	8	1	15	19	0	24	67
Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir	3	0	1	0	0	1	5
Iomlán	**44**	**3**	**90**	**114**	**3**	**183**	**437**

22. An Post - Gearáin a tugadh chun críche i 2003

	Réitithe	Réitithe i bpáirt	Cúnamh curtha ar fáil	Éiriodh astu	Tarraingíodh siar	Níor seasadh	Iomlán tugtha chun crích
An Post	37	4	24	19	1	42	127
Iomlán	**37**	**4**	**24**	**19**	**1**	**42**	**127**

23. Anailís ar Ghearáin Neamhbhailí a fuarthas i 2003

Cuideachtaí Príobháideacha	209
Baincéireacht/Árachas	183
Comhlachtaí Poiblí lasmuigh de shainchúram	156
Cúirteanna/Gardaí	87
Pá agus Coinníollacha	48
Ilghnéitheach	179
Iomlán	**862**



Foireann

Stiúrthóir Ginerálta

Pat Whelan

Imscrúdaitheoirí Sinsearacha

Maureen Behan
Michael Brophy
Tom Morgan
David Waddell

Imscrúdaitheoirí

Patricia Doyle
Geraldine Fitzpatrick
Patsy Fitzsimons
Edel Higgins
Brian McKevitt
Matt Merrigan
Aoife Nic Réamoinn
Willy O'Doherty
Paddy O'Dwyer
Anne O'Reilly
Donal O'Sullivan
Bernard Rooney
David Ryan

Foireann Taca

Roseanne Browne
Joseph Byrne
Elizabeth Culhane
Robert Cullen-Jones
Marion Dillon
Phyllis Flynn
Anne Harwood
Jim Hayes
Iris Kilbey
Paul Mallen
Mary McGowan
Barry Meskell
Jacqueline Moore
Brian Murphy
Elaine Nolan
Deborah Smyth
Jean Sullivan

An tAonad Seirbhísí Corparáideacha

Brendan O'Neill -
Ceann Seirbhísí Corparáideacha
Michael Bell
Mairead Collins
Finbar Hanratty
Bernie Kelly
Geraldine Kelly
Fiona McCarney
Sheila McCarthy
Edmund McDaid
Brian McKeon
Marian Mullen

Aonad Teicneolaíocht an Eolas

Eoghan Halpin - Imscrúdaitheoir
John Doyle

Innéacs

Comhairle Baile Bhéal Átha na Sluaighe
Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas 9

Comhairle Contae Cheatharlach
Riarachán Pleanála 23

An Roinn Talmhaíochta agus Bia
Scéim Luathscoir ón bhFeirmeoireacht 18

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Cóir Iompair Scoile 14

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
Liúntas Cúramóra 17

Comhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin
Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas 8

Bord Sláinte Limistéar Chósta an Oirthir
Táillí Othair 19

Comhairle Contae Chill Dara
Scéim Tosaíochtaí Ligin 24

Comhairle Contae Mhaigh Eo
An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí 25
Deontas Deisiúchán Riachtanach 22

Bord Sláinte an Lár-Réigiúin
Deacrachtaí Cumarsáide 18
Cóireáil Ortadóntach 20

Bord Sláinte Limistéar an Tuaiscirt
Liúntas Cúraim Baile 13

Bord Sláinte an Oirthuaiscirt
Deacrachtaí Cumarsáide 19

Ombudsman
Ag Cabhrú le Daoine Leochaileacha agus Imeallaithe sa tSochaí 7
Pleanáil Gnó 27
Staitisticí na nGearán 38
Fairsingiú Sainchúraim 33
Pribhléid Ghairmiúil Dhlíthiúil 34
Feidhmíocht Údaráis Áitiúil ar Phleanáil 31
Fógraí arna n-eisiúint faoi Alt 7 den Acht Ombudsman 36
Tuarascáil Dul Chun Cinn ar Straitéis BAD 28
Rochtain agus Feasacht Phoiblí 36
Comhlachtaí Poiblí agus Rochtain ar Fhaisnéis 34
Ráiteas Straitéise 2004-2006 29
Scéimeanna Aoisliúntais 35
Cuairteoirí ar an Oifig 36

Na Coimsinéirí Ioncaim
Faoiseamh Cánach Ioncaim ar Tháillí Teagaisc 17
Cúiteamh d'Íocóirí Cánach 30

Bord Sláinte an Deiscirt
Easpa Dídine 12
Táillí Tí Altranais 21

Bord Sláinte Limistéar an Iardheiscirt
Liúntas Cúraim Altramais 11
Táillí Tí Altranais 21

Comhairle Contae Thiobraid Árann
Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas 10